



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013

Na Scoileanna Caitliceacha sa Phobal Creidimh: An Dea-Scéala á Roinnt

27 Eanáir – 2 Feabhra 2013

Acmhainní le haghaidh
Phobal na hIar-bhunscoile:
An Scoil agus an Paróiste

Clár Ábhair

Ag Ullmhú

Céad Fáilte	1
Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 Cruinniú Pleanála	2

Acmhainní Paróiste

Conas Ceiliúradh a Dhéanamh ar Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha sa Pharóiste	
An Domhnach, 27 Eanáir, Nuachtlitir an Pharóiste	4

Acmhainní Scoile

An Scoil Chaitliceach	6
Machnamh an Lae	7
An Dea-Scéala á Roinnt i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013	8

Acmhainní don Seomra Ranga

An Luan: An Eaglais – Ag Cruinniú le Chéile	9
Lá Fhéile Naomh Tomás Acain	11

An Mháirt: An Liotúirge - Guímid

Cruthaigh d'Fhéilire Liotúirge Féin	13
	16

An Chéadaoin: Teagmháil le Briathar Dé

Naomh Aodán Fearna	17
Lá na Seantuismitheoirí	19
	20

An Déardaoin: Na Tuataí – Glacaimid Páirt

Lá Fhéile Don Bosco	21
	22

An Aoine: Idirchreideamh – Sínimid Lámh

Lá Fhéile Naomh Bríd	24
Féasta na bhFéastaí!	25
	26

Acmhainní Scoile

Bliain an Chreidimh	28
Seirbhís Urnaí le hAghaidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha	29
Bord Bainistíochta/Gobharnóirí agus Foireann: Machnamh	31
Urnaí do Mhúinteoirí	32



Céad Fáilte

Tugann téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha na bliana seo dhá réaltacht shuntasacha le chéile. Baineann an chéad cheann le pobal creidimh, agus an dara ceann leis an soiscéal a roinnt.

Roinn an Dea-Scéala is ainm d'eolaire náisiúnta na hÉireann don chaiticéis. Treoir atá ann maidir le haistear an chreidimh ón óige ar aghaidh go dtí an saol fásta aibí. Tá sé lán d'íomhánna, de scéalta, de straitéis mar gheall ar an soiscéal a roinnt sna pobail chreidimh éagsúla lena mbainimid. Ba mhaith an rud é tú féin a thumadh ann ó am go chéile, go háirithe ó thaobh na codanna sin de a bhaineann leis na scoileanna i rith na seachtaine seo.

Is iomaí pobal creidimh atá ann. Is é an teaghlach an pobal is tábhachtaí ar fad, áit ina gcuirtear síol an chreidimh i dtosach báire. Maidir le pobal na scoile, cothaítear an síol seo agus fásann sé, ach d'fhéadfai go n-ardófaí ceisteanna faoi, nó go gcaithfí anuas air le linn blianta an déagóra. Maidir le saol an duine fásta, is minic go mbíonn deacrachtaí ag daoine an creideamh a mhíniú agus a léiriú i dtimpeallacht nach dtugann mórán suntas do Dhia. Is dá bharr san a mbíonn pobal creidimh uainn nach bhfuil beann ar an scoil nó ar an teaghlach. Maidir leis an gcuid is mó againn, bíonn an pobal seo ar fáil sa pharóiste.

Nuair a fheidhmíonn an paróiste mar ba chóir, is iontach an fhinnéacht i leith an chreidimh a bhíonn le sonrú ann. Cuirtear síos ar an pharóiste i dtéarmaí geografacha, ach maireann sé de réir an chreidimh: léitear Aifreann ann, déantar na sacraimintí eile a cheiliúradh, cuirtear fáilte roimh bhaill nua leis an mBaisteadh, tugtar tacaíocht don mhuintir atá faoi bhrón, déantar obair dheonach gan fógart ann, tugtar aire don mhuintir nach bhfuil acmhainní an tsaoil acu ann, déantar urnaí in aghaidh an lae ann, bíonn saothar ar son an chirt ann, déantar ceiliúradh ar shaol an phobail áitiúil ann, chomh maith lena bheith ag feidhmiú mar chuid den eaglais uilechoiteann.

Tá an bhliain seo á cheiliúradh ag an Eaglais Chaitliceach mar Bhliain an Chreidimh. I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 beimid ag iarraidh ar pharóistí agus ar scoileanna an lámh chúnta a shíneadh chun a chéile le spiorad an chreidimh. Is iomaí scoil agus is iomaí paróiste a rinne ceiliúradh ar an tseachtain seo le cúpla bliain anuas, ach tá cuid eile áiteanna nach ndearna ceiliúradh ar bith. Iarraim anois ach go háirithe ar na paróistí sin nach raibh baint acu go fóill le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha páirt a ghlacadh ann i mbliana.

An dea-scéala atá ann ná gur cuireadh síol an chreidimh inár saol. Thug Íosa léargas dúinn maidir le réimeas Dé trí na parabail a d'inis sé. I measc na gcodanna ba thábhachtaí acu san, bhí an scéal maidir leis an té a chuir na síolta. Thit cuid de na síolta i measc na ndraighean agus tachtadh iad. Thit cuid acu sa draein agus bádh iad. Thit cuid acu anuas ar thalamh éadomhain agus fuaireadar bás. Thit cuid de na síolta ar thalamh thorthúil agus thug toradh tríocha, nó seasca, nó céad faoin gcéad fiú. Is minic a léann daoine na parabail seo ar bhealach mórálach, sé sin go mbítear ag tabhairt breithiúnais maidir le gníomhú na ndaoine iontu, ach is í an fhírinne maidir leis na scéalta seo ná nach gcuirfidh an saol daonna bac riamh ar Bhriathar Dé: bíodh is nach mbeidh toradh fiúntach ar gach aon síol, beidh toradh líonmhar ar bhriathar Dé inár saol ar bhealaí gan choinne, i measc an teaghlaigh, sa pharóiste agus go deimhin, ar scoil. Ní chuirtear an dúshlán romhainn mar Chríostaithe gearán a dhéanamh faoi na lochtanna a bhaineann linne agus lenár saol, ach tuiscint bheith againn maidir leis an mbealach dochreidte ina mbíonn toradh iontach ar shíol Bhriathar Dé i saol an bhróin agus na deacrachta.

Déanaimis ceiliúradh ar dhea-scéala an chreidimh Chríostaí i rith na seachtaine seo lenár muintir féin sa bhaile, sa pharóiste agus ar scoil. Tá cuid mhaith acmhainní anseo a thabharfaidh cabhair daoibh a leithéid a dhéanamh.

Michael Drumm

Cathaoirleach

Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha

Pleanáil le haghaidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013

Cuireadh na hacmhainní sa leabhrán seo ar fáil ionas go bhféadfaí Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 a cheiliúradh. Tá ábhar le húsáid ann leis na grúpaí seo leanas:

- Mic Léinn sa Seomra Ranga
- Baill Fhoirne
- Tuismitheoirí
- Baill Bhoird Bainistíochta/Gobharnóirí
- Pobal Iomlán an Pharóiste.

Cuireadh dhá chóip den leabhrán seo chuig gach aon scoil, agus cóip amháin chuig gach sagart atá mar mhinistir i bparóiste. Tá acmhainní ann i leith cúig spriocghrúpa agus baineann dathchód éagsúil leis an uile chatagóir acu.

Cruinniú Pleanála

Is é an fáth go mbíonn cruinniú pleanála ann ná chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na heilimintí éagsúla de na hacmhainní seo a dhéanfar a aibhsiú le pobal do scoile, agus leis an bparóiste, i rith na seachtaine. Má thugann tú cuireadh d'ionadaithe ón fhoireann, ón mBord Bainistíochta/Gobharnóirí, ó Chomhlachas/Comhairle na dTuismitheoirí, ó fhoireann an pharóiste, agus do shéiplíneach na scoile chuig an gcruinniú seo, déanfar deimhin de go mbeidh ceiliúradh chomh hiomlán agus is féidir ar Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha sa scoil agus i measc phobal an pharóiste. Bheadh leagan amach mar seo ar an gclár oibre:

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 ná: Na Scoileanna Caitliceacha sa Phobal Creidimh: An Dea-Scéala á Roinnt.

An Paróiste agus Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013

D'fhéadfaí Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a sheoladh sa pharóiste i rith Aifrinn ar an Domhnach, 27 Eanáir.

Tá acmhainní liotúirge agus moltaí le haghaidh a leithéid de cheiliúradh na hEocairiste le fáil ar leathanach 4.

Is féidir le pobal an pharóiste páirt a ghlacadh trí:

- taispeántas a chur suas a dhéanfaidh ceiliúradh ar an mbealach ina ndéanann na scoileanna Caitliceacha feidhmiú mar phobail chreidimh, agus an dea-scéala á roinnt acu.
- díospóireacht a óstáil i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an oideachas Caitliceach.



An Scoil agus Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013

Baineann a théama féin agus a chuid acmhainní féin le gach lá de Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2013 agus le hobair na ranganna. Is féidir leis an gcruinniú seo na himeachtaí a bheadh ar siúl ar scoil agus i bpobal leathan an pharóiste a phlé.

Timpeallacht na Scoile

Conas a bheadh a fhios ag cuairteoirí chun na scoile go raibh imeachtaí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha ar siúl? Glac leis an deis seo chun áiteanna ar scoil a aithint ina mbeadh íomhánna naofa, Spás Beannaithe, dealbha agus pictiúir chráifeacha, cláir thaispeána le sonrú, nó athnuachan le déanamh orthu, nó cur leo, mar ullmhúchán ar mhaithe leis an gceiliúradh. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt don Chomhlachas Tuismitheoirí páirt a ghlacadh sa cheiliúradh. Tá moltaí ar leathanach 5.

An Fhoireann, an Bord Bainistíochta/Gobharnóirí agus Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013

Tá machnamh ar fáil ar leathanach 31 le go bhféadfadh an fhoireann agus an Bord Bainistíochta/Gobharnóirí smaoineamh a dhéanamh ar an obair a dhéanann siad maidir leis an Oideachas Caitliceach. Tá ráiteas ann freisin ar leathanach 6 i dtaobh na Scoileanna Caitliceacha. I rith na míonna atá le teacht bíodh plé eadraibh ag cruinnithe foirne, leis an mBord Bainistíochta/Gobharnóirí agus Comhlachas/Comhairle Tuismitheoirí faoi conas mar a oireann siad do bhur scoil féin. Spreag na baill den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí agus an Comhlachas/Comhairle Tuismitheoirí bheith i láthair ag an uile imeacht a reáchtálfar le haghaidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013.

Acmhainní

Tá súil againn go gcabhróidh an t-ábhar atá istigh i leabhrán na bliana seo go mór libh agus ceiliúradh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 á dhéanamh agaibh. Is féidir na hacmhainní *as Béarla* a fháil ag www.catholicbishops.ie. Cuireadh Polainnis ar chuid de na hacmhainní agus tá siad ar fáil ag an suíomh seo chomh maith. Is iad na daoine seo leanas a d'ullmhaigh an pacáiste acmhainní: Gary Abrahamian, Sean Goan, Karen Ó'Donovan, Tom Ryan agus Orla Walsh i gcomhar le Coiste Stiúrtha Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013.

Conas Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a Cheiliúradh sa Pharóiste

Cuirtear tús le Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012 ar an Domhnach, 27 Eanáir, an Tríú Domhnach Saor. Le ceithre bliana anuas spreagadh paróistí ar fud na tíre le ham a chaitheamh go flaithiúil is go cruthaitheach agus iad ag freagairt don chuireadh a tugadh dóibh ceiliúradh a dhéanamh maidir leis an gcion tairbhe a bhronnann na Scoileanna Caitliceacha ar an bpobal. Is féidir an ceiliúradh seo a dhéanamh i rith liotúirge an Domhnaigh, mar shampla, trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí na scoileanna áitiúla, agus trí dheiseanna cruthaitheacha a chur ar fáil chun go ndéanfaidh pobal an pharóiste teagmháil le pobal na scoile. Tá iliomad bealaí ann inar féidir le paróistí Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a cheiliúradh, agus tá moltaí anseo a chabhróidh le daoine a leithéid a dhéanamh.

An Domhnach, 27 Eanáir

An Eocairist a Cheiliúradh ar an Tríú Domhnach Saor

Má bhíonn **grúpa liotúirge** sa pharóiste, bí cinnte faoi go mbíonn eolas ag na baill go luath maidir le Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh in ullmhú an Aifrinn seo. Déan iad a spreagadh ionas go ndéanfar deimhin de go mbeidh páirt lárnach ag Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha i saol bliantúil an pharóiste. Cuirtear tús leis i gcónaí ar an Domhnach deireanach i Mí Eanáir.

- Déan machnamh faoin mbealach is fearr inar féidir leis na scoileanna i do dhúiche féin páirt a ghlacadh i gceiliúradh na hEocairiste ar an Domhnach seo. Déan cruinniú a ghairm leis na príomhoidí is na múinteoirí cúpla seachtain roimh Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha agus bíodh plé eadraibh maidir leis na bealaí éagsúla inar féidir obair na Scoileanna Caitliceacha a aibhsiú, agus a cheiliúradh i rith liotúirge an lae sin. Tabhair cuireadh d'ionadaí ón nGrúpa Liotúirge bheith i láthair ag an gcruinniú seo.
- Is féidir teacht ar acmhainní as Gaeilge d'Aifreann an Tríú Domhnach Saor san eagrán Nollaig/Eanáir den iris *Intercom*. Tá nótaí ann chomh maith maidir le haitheasc a thabhairt ar an lá céanna, in iris mhí Eanáir de *The Furrow*. Déan machnamh faoin duine a b'fhearr a dhéanfaidh Briathar Dé a fhógairt ag an Aifreann, ball foirne, ball den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí? Cuir ceist ar na daltaí an Salm agus an Alleluia a chanadh. Má bhíonn daltaí ann atá ag ullmhú don Chóineartú, spreag iad le 'Guí an Phobail' a scríobh.

Is é téama na bliana seo ná **Na Scoileanna Caitliceacha sa Phobal Creidimh: An Dea-Scéala á Roinnt**.



Nuachtlitir an Pharóiste

- Déan deimhin de go dtugtar fógraíocht go forleathan i measc an phobail ar Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha trí nóta a chur i nuachtlitir an pharóiste. Bíodh cur síos soiléir ann ar imeachtaí a reáchtálfar sa pharóiste. D'fhéadfaí cur síos a leagadh amach ar an dóigh seo:

Cuirtear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 ar an Domhnach 27 Eanáir. An fáth atá leis seo ná go ndéanfaí ceiliúradh ar an gcion tairbhe iontach a chuireann na scoileanna Caitliceacha ní hamháin leis an bpobal áitiúil, ach leis an tsochaí Éireannach i gcoitinne. Is é téama na bliana seo ná **An Scoil Chaitliceach sa Phobal Creidimh: An Dea-Scéala á Roinnt**. Beidh an paróiste seo againne ag glacadh páirte sa cheiliúradh trí....

D'fhéadfadh daltaí ón scoil an nuachtlitir a scaipeadh i measc an phobail ar an Domhnach áirithe seo.

Ionad Taispeántais

Ba mhaith an rud é taispeántas a chruthú a léireodh na bealaí ina mbíonn scoileanna an pharóiste ag feidhmiú mar **Scoileanna Caitliceacha sa Phobal Creidimh: An Dea-Scéala á Roinnt**. Thabharfadh a leithéid de thaispeántas léargas ar an mbealach ina mbíonn siad ag cabhrú le carthanacht áitiúil agus náisiúnta, an cion tairbhe a dhéanann siad ar an bpobal áitiúil, agus aon eolas ábhartha faoi imeachtaí eile.

An Bord Bainistíochta

Beidh Boird Bhainistíochta nuathofa ann in Éirinn agus ba mhaith an rud é an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leis na baill a d'fhreastal ar an mBord roimhe seo, agus aitheantas a thabhairt do na baill nua trí chomhghairdeas a dhéanamh leo.

An Chomhairle Thréadach

- Cuir Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha in iúl don Chomhairle Thréadach agus ceistigh iad maidir leis an mbealach ina ndéanfaí ceiliúradh air i mbliana. Déan machnamh ar ócáid a óstáil ina ndéanfaí plé ar thábhacht an Oideachais Chaitlicigh in Éirinn an lae inniu.

An Scoil

- Ba mhaith an rud é go dtabharfadh an séiplíneach cuairt ar an méid ranganna agus is féidir i rith na seachtaine seo. Cabhróidh an pacáiste acmhainní a bhaineann le Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha le fócas a thabhairt daoibh toisc go bhfuil téama oibre in aghaidh an lae ann.
- Déan na scoileanna a spreagadh le go nglacfaidís páirt i Lá na **Seantuismitheoirí** ar an 30 Eanáir.
- Tugaigí cuairt ar an seomra foirne i rith na seachtaine, agus bíodh briosaí nó císte agaibh!
- Bain úsáid as an machnamh don fhoireann agus don Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí atá le sonrú ar leathanach 31 le go ndéanfadh cách smaoineamh ar an obair a dhéanann siad ó thaobh an Oideachais Chaitlicigh de.



Is sa Scoil Chaitliceach...

- A bhíonn ministreacht agus misean Chríost go smior inti
- A thógtar timpeallacht chomhbhách ina mbíonn cásmhaireacht atá fréamhaithe sa teagasc sóisialta Caitliceach ann, don uile dhuine
- A thógtar timpeallacht shlán shona, áit ina mbíonn spreagadh ann don uile pháiste agus go gcuirtear ar a gcumas forbairt iomlán a dhéanamh ar an gcumas atá iontu mar dhaoine daonna uathúil, daoine a cruthaíodh ar dheilbh Dé
- A lorgaítear ardchaighdeán oideachasúil agus an scoil bheith dílis go fóill don fhís agus don mhodh oibre faoi leith a bhaineann leis
- A bhíonn comhluadar uileghabhálach measúil a chuireann fáilte roimh an uile dhuine óg, is cuma an mbaineann siad le haicme chreidimh nó nach mbaineann
- A thugtar aitheantas don ról atá ag na tuismitheoirí mar chéad oidí maidir le cúrsaí creidimh agus cuirtear deiseanna ar fáil dóibh bheith páirteach i saol na scoile
- A chuirtear chuige i gcomhar leis na tuismitheoirí agus le pobal an pharóiste chun lóchrann an dóchais a adhaint
- A chuirtear clár theagasc creidimh ar fáil a dhearbhaíonn agus a dhoimhníonn an tuisceant a bhíonn ag na páistí maidir leis an gcreideamh Caitliceach ionas go mbeidh ar chumas an uile dhuine acu bheith chomh deisbhéalach faoin gcreideamh agus a bhíonn maidir le gnéithe eile an churaclaim
- A chothaítear an tuisceant agus an meas a bhíonn ag an dalta ar shaol sacraimintí na hEaglaise
- A chuirtear na siombailí a bhaineann lenár dtraidisiún saibhir Caitliceach ar taispeánt
- A chaitear am mar chomhluadar scoile ann, ag machnamh, ag urnaí, i ndeasghnátha, ag ceiliúradh na hEocairiste agus na sacraimintí eile, chun forbairt a dhéanamh ar shaol spioradálta an uile dhuine i bpobal na scoile.

Bunaithe ar Fís o8: Fís don Oideachas Caitliceach in Éirinn (Litir Thréadach ó Chomhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann)



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013



Machnamh an Lae

An Luan

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 ná **Na Scoileanna Caitliceacha sa Phobal Creidimh: An Dea-Scéala a Roinnt**. Déantar ceiliúradh na bliana seo i gcomhthéacs Bhliain an Chreidimh, rud a d'fhógair an Pápa Beinidict XVI nuair a d'iarr sé ar Chaitlicigh an domhain, am a chaitheamh ag déanamh machnaimh ar an gcreideamh atá iontu, ionas go mbeidh tuiscint níos doimhne acu maidir leis an gcreideamh san, agus grá níos mó acu d'Íosa dá bharr, an duine a nochtann dúinn an chomhbhá shíoraí atá le fáil ó Dhia. Ní comhlacht nó eagras atá ar scoil againn; is pobal sinne agus aontaítear lena chéile sinn tríd an tiomantas atá ionainn maidir leis an oideachas agus an fhoghlaim, rudaí atá bunaithe ar an tuiscint Chríostaí atá ionainn faoin daonnacht. Bainimis úsáid as an tseachtain seo chun ceiliúradh a dhéanamh agus am a chaitheamh ag machnamh ar an mbrí a bhaineann le bheith bainteach le pobal atá fréamhaithe sa dea-scéala – gur tháinig Íosa Críost ar an saol le go bhféadfaimis an saol ina iomláine a chaitheamh.

An Mháirt

Bheadh sé deacair dúinn an dea-scéala nó an ócáid spreagúil a cheiliúradh inár n-aonar. Cén mhaitheas bheith lúcháireach faoi bhua iontach a bhí ag an fhoireann pheile is fearr leat mura mbíonn cara ar bith i do theannta? Caithfimid cruinniú lena chéile ag ócáidí tábhachtacha, agus sin an fáth go bhfuil Caitlicigh ag teacht le chéile chun urnaí a dhéanamh ar an Domhnach le dhá mhíle bliain anuas, chun aiséirí Chríost a cheiliúradh. Tá sé in am dúinn cuimhneamh ar na bealaí ar fad ina mbeannaítear sinn, am le bheith dóchasach, agus le cúram is taise an phobail atá láraithe in aiséirí Chríost a bhrath.

Nuair a bhímid ar scoil bímid gnóthach le hobair agus le héilimh an lae, agus leis an staidéar. Bíonn sé éasca go leor dearmad a dhéanamh ar am a chaitheamh ag urnaí, agus tá tábhacht ag baint le láithreach Dé a thabhairt faoi deara, agus nós a dhéanamh de bheith ag machnamh is ag guí go rialta inár saol.

An Chéadaoin

Cé go bhfuilimid ag maireachtáil i ré na teicneolaíochta, bíonn áit shuntasach ag na leabhair i saol na scoile. Bíonn go leor le foghlaim ó leabhar ar bith, ón ríomhleabhar nó ón leathanach clóbhuailte agus ón gcríonnacht a roinneann na scríbhneoirí linn. Is trí leabhair a léamh a dhéanaimid teagmháil le smaointe úra agus le cultúir eile, agus a thagaimid ar eolas a chuirfeadh cor inár

saol. Le blianta beaga anuas, agus ón Dara Chomhairle Vatacánach ar aghaidh ach go háirithe, tá cuid mhaith Caitliceach a léiríonn meon úr i leith an Bhíobla. Tuigimid anois go nasctar an saol daonna agus an saol Diaga in éineacht lena céile sa Bhíobla. Tagann grásta an Spioraid Naoimh anuas orainn trí na scéalta, tríd an ábhar machnaimh agus tríd an urnaí atá le sonrú ann. Is dá bharr seo a thuigimid go bhfuil Briathar Dé, beo bríomhar inár saol, ag spreagadh na maitheasa ionainn, agus dár dtreorú ar bhealach grámhar a chuireann leis an eolas atá againn maidir le Críost.

An Déardaoin

Ceann de na híomhánna is fearr a luaitear i dtaobh an phobail chreidimh ná an íomhá den chorp. Is sinne corp Chríost agus cé gur baill éagsúla sinn, tá ról áirithe le comhlíonadh ag an uile dhuine againn, agus buanna le caitheamh ar mhaithe le daoine eile. Is iontach an léargas ar an obair seo a dtugtar ar scoil. Bíonn níos mó á dhéanamh againn seachas bheith mar fhoireann a mhúineann, agus mic léinn a fhoghlaimíonn ann. Is pobal chomh maith sinn, tá buanna le roinnt againn agus ról éagsúla le comhlíonadh againn, agus nuair a dhéanaimid a leithéidí i gceart, láidrithe an pobal agus bíonn féinmheas feabhsaithe againn orainn féin dá bharr. Tá an fhís seo bunaithe ar na luachanna a bhronn Íosa ar a lucht leanúna, trína chuid cainte agus trína chuid gníomhartha. I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha, agus i mBliain an Chreidimh, bímis dílis don fhís seo.


An Aoine

Inniu Lá Fhéile Naomh Bríd agus an chéad lá d'Eanáir, de réir nós na hÉireann. Tugaimis buíochas ar an lá seo maidir leis an iliomad bealaí ina mbeannaítear sinn. D'aithin Bríd láithreach an Tiarna ina saol ar dhá bhealach ach go háirithe: rinne sí teagmháil le Dia sa dúlra agus sna bochtáin. Déanann an dúlra cur síos ar iontas, ar áilleacht, agus ar mhistéir Dé, agus tugann sé cuireadh dúinn foghlaim ó bhliain na séasúr agus ó rithim a bheatha. Tarlaíonn athnuachan dhóchasach san Earrach, agus caitheann Dia na Beatha a sholas anuas inár gcroí. Thuig Bríd go maith, gurb é an tíosa céanna a rugadh is a tógadh i measc na mbochtán a labhraíonn linn agus a chuireann an dúshlán romhainn an lámh chunta a shíneadh i dtreo na mbochtán agus i dtreo na ndaoine imeallaithe. Mura mbíonn fáilte roimh dhaoine dá leithéidí i measc pobal na scoile, ní fhéadfadh go mbeadh an Dea-Scéala á scaipeadh againn go mbíonn cuireadh do chách chun cláir an Tiarna ann.

An Dea-Scéala á Roinnt i Rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013

Tugaimid deis do phobail na scoileanna i mbliana machnamh lena chéile maidir le gnéithe tábhachtacha den saol creidimh, ionas gur fearr go mbeimis mar fhinnéithe ar ghrá Dé don domhan, an grá a léirigh a mhac Íosa Críost tríd an dea-scéala a scaip sé. Tá deis iontach ann freagra a thabhairt ar chuireadh an Phápa Beinidict i dtaobh Bhliain an Chreidimh, tráth a cheiliúrtar ar fud an domhain. Eascraíonn téamaí uile na seachtaine seo ón lúcháir iontach a spreag an Spiorad Naomh i rith Chomhairle Vatacánach II, a tharla caoga bliain ó shin. Déanaimid machnamh in aghaidh an lae ar na bealaí éagsúla ina roinnimid an dea-scéala, agus ina ndéanaimid ceiliúradh ar bheatha na naomh sin a rinne an dea-scéala a chraobhscaoileadh, rud atá ábhartha do shaol an lae inniu.

- Conas a Chruinnímid mar Eaglais (An Luan 28 Eanáir): Lá Fhéile Tomás Acain
- Conas a Dhéanaimid Urnaí lena Chéile: (An Mháirt 29 Eanáir)
- Conas a Dhéanaimid Teagmháil le Dia sna Scrioptúir: (An Chéadaoin 30 Eanáir): Naomh Aodán
- Conas a Ghlacaimid Páirt Ghníomhach sa Phobal (An Déardaoin 31 Eanáir): Naomh Don Bosco
- Conas a Shínimid Lámh i dTreo na gCreideamh Eile (An Aoine 1 Feabhra): Naomh Bríd



Nuair a roinnimid an Dea-Scéala le pobal na scoileanna déanaimid amhlaidh mar chuid de phobal creidimh lena mbaineann an paróiste agus na tuismitheoirí chomh maith. Chun tuiscint chuimsitheach a bheith againn maidir leis an mbealach ina réitíonn na heilimintí éagsúla seo lena chéile, féach le bhuir dteoil ar na spriocanna agus ar an léargas iontach a dtugtar ar chúrsaí sa leabhrán *Roinn an Dea-Scéala: Eolaire Náisiúnta don Chaiticéis in Éirinn* a d'fhoilsigh Veritas sa bhliain 2010.

An Luan, 28 Eanáir

Lá 1: An Eaglais – Cruinnímid

***Gaudium et Spes* – Foraithe na Bunreacht Thréadaigh faoin Eaglais i Saol an Lae Inniu**

D'eisigh an Dara Chomhairle Vatacánach cáipéis darb ainm *Foraithe na Bunreacht Thréadaigh faoin Eaglais i saol an Lae Inniu*. Tugtar foramharc ann ar theagasc na hEaglaise maidir leis an ngaol atá ann idir an daonnacht agus an tsochaí, agus pléitear ach go háirithe ann, an eacnamaíocht, an bhochtaineacht, an ceart sóisialta, an cultúr, an eolaíocht, an teicneolaíocht, agus an t-éacúiméanachas. Déanann teagasc sóisialta na hEaglaise cúram ar leith de dhíne an duine daonna. An fáth le go bhfuilimid ar an saol seo ná chun taithí ar chomhpháirteachas grámhar a bheith againn. Ní ceart go mairfeadh an cine daonna neamhspleách ar a chéile, ach ar scáth a chéile. Cuirimid aithne orainn féin agus ar ár saol, díreach nuair a bhímid ag freastal ar an duine eile, nó ag fáil uaidh. Is ceann de shaintréithe dearcadh an Chaitliceachais i leith an duine féin é, go mairimid go sóisialta lena chéile, toisc go dtéann sé go smior ionainn feidhmiú go sóisialta, mar a deir *Gaudium et Spes*, 12. Má bhíonn an tuisceant seo againn faoi dhaoine, luíonn sé le réasún gur rud nádúrtha riachtanach den saol é maireachtáil i bpobal, má táimid chun seasamh an duine fásta a ghlacadh. Ní féidir an díne cheart dhaonna a bhaint amach agus a chosaint taobh amuigh de shaol an phobail.

Tá scéal an tSamaraigh Mhaith ar eolas againn go léir, nach mór; an taistealaí a tharla i measc róbálaithe, é i mbaol báis, ar thrasnaigh an chléir agus a mhuintir féin é, in ionad lámh chúnta a shíneadh chuige, agus iad ró-thógtha le cúrsaí an tsaoil agus lena sábháilteacht féin. Níor chabhraigh leis ach duine den lucht Samarách, dream nach raibh aon bhá acu le muintir an fhir. Chuir an Samarách a bheatha féin i mbaol agus an fear bocht á thabhairt ón láthair aige, agus d'íoc sé as go dtabharfaí aire dó ina dhiaidh sin. Arsa Íosa leis na daoine a bhí cruinnithe ina theannta: 'Imigh libh, agus déan mar an gcéanna.'

Léigh: Lúcas 10:25-37

D'éirigh dlíodóir ina sheasamh agus dúirt leis, á phrobhadh: 'A Mháistir, cad atá le déanamh agam chun go mbeinn páirteach sa bheatha shioraí?' Dúirt sé leis: 'Cad atá scríofa sa dlí? Cad a léann tú ann?' D'fhreagair sé agus dúirt: 'Gráoidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó do neart go hiomlán agus ó d'aighe go hiomlán, agus do chomharsa mar thú féin.' Dúirt sé leis: 'Thug tú an freagra ceart: déan an méid sin agus beidh an bheatha agat.'

Ach ó b'áil leis a cheart a phlé dúirt sé le hÍosa: 'Agus cé hé mo chomharsa?' Thug Íosa freagra air a rá: 'Bhí fear ag dul síos ó Iarúsailéim go hIreathó agus tharla i measc róbálaithe é a rinne é a lomadh agus é leadradh agus é a fhágáil ina ndiaidh leathmharbh. Ach le halt na haon uaire, bhí sagart ag dul síos an bóthar sin, agus ar a fheiceáil dó, ghabh sé don taobh thall thairis. Mar an gcéanna do Léivíteach: ar theacht chun na háite agus ar a fheiceáil dó, ghabh sé don taobh thall thairis. Ach Samarách a bhí ag gabháil an bóthar, tháinig sé mar a raibh sé, agus ar a fheiceáil dó, ghabh trua é, agus chuaigh sé anonn chuige agus chuir ceangal ar a chréachtaí, tar éis dó ola agus fíon a dhoirteadh iontu: chuir sé ar mhuin a bheithigh féin é, sheol go teach ósta é, agus rinne cúram de. Agus lá arna mhárach, thóg sé amach dhá dhéanar, agus thug don óstóir iad agus dúirt: 'Déan cúram de, agus cibé méid a chaithfidh tú thairis sin, íocfaidh mé leat é ag filleadh dom.' Cé acu den triúr sin, do bharúil, ba chomharsa don té a tharla i líon na róbálaithe?' Dúirt sé: 'An té a rinne an trócaire air.' Dúirt Íosa leis: 'Imigh leat, agus déan féin mar an gcéanna.'



You Tube 'What About Now' by Daughtry:
<http://youtu.be/roDXSHSEuoo>

LE DÉANAMH 1

- Scríobh leagan nua-aoiseach de scéal an tSamaraigh Mhaith go mbeidh léargas ann ar thábhacht ionchur an duine indibhidiúil i bhfeachtas domhanda na hEaglaise in aghaidh na bochtaineachta agus in aghaidh na héagóra.
- Chun maireachtáil sa Chreideamh i saol an lae inniu caithimid a bheith eolach faoi thuairimí na linne seo, agus bheith ábalta freagairt oiriúnach a thabhairt orthu. Is mar an gcéanna iad grá a léiriú do Dhia, agus grá a léiriú dár gcomharsa. Bíodh díospóireacht agaibh maidir leis an mbealach ina dtugann pobal na scoile freagairt ar cheisteanna a ardaítear ar fud an domhain, maidir leis an gceartas sóisialta.

Ag Comhairle Vatacánach II, chuir na hEaspaig tús leis an doiciméad *An Eaglais i Saol an Lae Inniu* trí chur síos a dhéanamh ar phobal na hEaglaise mar seo: Is iad an luchtáir chéanna, an dóchas céanna, an bhuairt agus an brón céanna a mhothaíonn pobal na linne seo, iadsan atá thíos leis ach go háirithe, agus a mhothaíonn lucht leanúna Chríost chomh maith. Sin an fáth go léiríonn siad dlúthpháirtíocht le stair agus le saol an chine dhaonna. (*Gaudium et Spes*, 1)

Dála an tSamaraigh Mhaith, léiríonn Caitlicigh dlúthpháirtíocht lena chéile trí bheith comhbhách, agus trí pháirt a ghlacadh le lucht an bhróin agus le daoine atá éagsúil ar bhealaí uainn. Caithimid aitheantas a thabhairt do chách mar dhaoine atá ar chomhchéim linn féin, agus deireadh a chur leis an neamhionannas.

Bíonn sé deacair d'óige chreidimh an lae inniu tuiscint bheith acu maidir leis an gcreideamh sin a chur i bhfeidhm sa saol. Conas a chuirfeadh sé lena saol, nó cén tionchar ba cheart dó bheith orthu? Cén tslí mhaireachtála a chaithfidís nach gcaitheann an duine gan chreideamh, cén t-ábhar a sheachnóidís. Cén freagra a thabharfaidh siad ar cheisteanna áirithe? Glaoitear ar Chaitlicigh féachaint chuige go mbíonn tionchar tábhachtach ag an gcreideamh ar chúrsaí an domhain.

Nuair a tharla an tsunami san Áis, dúirt an Pápa Eoin Pól II, agus é ag guí ar son íospartaigh na tubaiste, agus ar son a muintir, gur iontach an rud é a thabhairt le fios go raibh iarrachtaí comhbhácha ina leith á eagrú ar fud an domhain.

LE DÉANAMH 2

- An féidir leat cuimhneamh ar ócáidí comhbhácha a tharla nuair a bhí tubaiste nádúrtha nó coimhlint ann?
- An léiríonn tusa nó do scoil féin dlúthpháirtíocht sa phobal – le baill chreidimh eile nó le daoine ar an imeall?
- An bhfuil buíon ghníomhaíochta na síochána agus an chirt ag obair ar scoil nó sa pharóiste.

Obair i nGrúpaí

Is í an aidhm atá leis an ngníomhaíocht seo ná daoine a spreagadh le machnamh a dhéanamh faoin domhan agus faoin mbeatha, agus faoi theagasc creidimh na hEaglaise ina leith. Beidh leathanaigh bhána, cairtchlár agus pinn daite uaibh.

Bíodh grúpaí 2–4 ann, agus tabharfar nuachtáin agus irisí daoibh. Caith súil orthu, agus aimsigh scéalta a dtabharfadh deiseanna don chreideamh Caitliceach tionchar a bheith aige orthu. B'fhéidir go dtiocfadh sibh ar chásanna ina ndearna duine rud a bheadh in aghaidh an chreidimh, dar linne, mar shampla, nó cásanna ina mbeadh deis ag Caitlicigh an lámh chúnta a shíneadh i dtreo dhaoine. Mar mhalairt ar a leithéid, seans go dtiocfá ar chás ina ndearna duine gníomhú ar bhealach a thagann go maith leis an gcreideamh, dar leat.

Nuair a thagann tú ar ábhar oiriúnach, gearr an píosa sin amach agus greamaigh ar chairtchlár é. Faigh peann agus cuir nóta leis a mhiníonn an fáth le gur roghnaigh sibh an t-alt sin.



Lá Fhéile Naomh Tomás Acain

Ba mhac é Tomás leis an gcunta Aquino agus rugadh é i gcaisleán a mhuintire sa Lombaird, in aice le Napoli na hIodáile. Ba dhuine de naonúr clainne é agus é thar a bheith cliste. Ba é a bharúil féin é gur bronnantas ó Dhia an acmhainn mheabhrach a bhí ann.

Bhí a chuid tuismitheoirí ag súil leis go ndéanfaí ab Beinidicteach de, uair éigin. Bhí caisleán a mhuintire suite i Rocca Secca, díreach ó thuaidh ó Mhonte Cassino, áit ina raibh cónaí ar na manaigh. Cuireadh Tomás ar scoil ansin ag an mhainistir nuair a bhí sé cúig bliana d'aois, agus fuair sé a chuid oideachais ó na manaigh Bheinidicteacha ann. Nuair a bhí ocht mbliana déag slánaithe aige d'fhreastal sé ar Ollscoil Napoli chun críoch a chur lena chuid staidéar.

Is ansin a bhuail sé le díorma úr d'fhir chráifeacha a dtugadh Ord na Seanmóirithe orthu. Bhí Naomh Doiminic, an té a bhunaigh an t-ord, ina bheatha go fóill ag an am úd. Ba mhaith le Tomás bheith ina shagart, agus mheas sé gurbh fhearr clárú leo. Chuaigh sé isteach go rúnda in ord na nDoiminiceánach sa bhliain 1244.

Bhí a chuid tuismitheoirí thar a bheith míshásta leis. Agus é ar a bhealach go Páras chun a thuilleadh staidéar a dhéanamh, ghabh a chuid deartháireacha é, agus choimeád siad mar phríosúnach i gcaisleán é ar feadh bliana. I rith an ama, rinneadar gach iarracht athrú intinne a chur air.

Tháinig duine dá dheirfiúracha chomh maith, ag iarraidh air éirí as an tsagartacht. Bhí Tomás chomh dáiríre faoi labhairt léi mar gheall ar an lúcháir a bhain le bheith ag freastal ar Dhia, gur athraigh sí féin a hintinn. Shocraigh sí ar a saol a thiomnú do Dhia, agus bheith mar bhean rialta. Cúig mhí dhéag ina dhiaidh sin, fuair Tomás cead an glao a fhreagairt.

Rinne Tomás cur síos chomh maith sin ar Dhia, go bhfuil a chuid leabhar á léamh ag daoine ar fud an domhain leis na céadta bliain. D'eascair an míniúchán a thug sé faoi Dhia, agus faoin gcreideamh, ón ngrá a bhí aige féin do Dhia. Chuaigh na scríbhinní sin i bhfeidhm ar dhaoine, ní toisc go raibh scéal mór faoi féin á dhéanamh aige, ach toisc gur theastaigh uaidh ina chroí istigh a bheatha a thiomnú do Dhia, agus don Eaglais.

Ceann d'Aithreacha na hEaglaise é Naomh Tomás, agus breathnaítear air mar éarlaimh ar na scoileanna, na coláistí agus na hollscoileanna.

Thart faoi dheireadh na bliana 1273 d'iarr an Pápa Gréagóir X ar Thomás bheith páirteach i gcomhdháil Eaglasta darb ainm Comhairle Lyons. Agus é ar a bhealach chun na Comhdhála, buaileadh Tomás tinn go dona. Cuireadh iallach air stopadh ag mainistir Fossanova na hIodáile, áit a bhfuair sé bás ar an 7 Márta 1274. Ní raibh ach naoi mbliana agus dhá scór slánaithe aige.



Panis Angelicus

Caithfidh gur chuala an chuid ba mhó againn an t-iomann álainn sin *Panis Angelicus*. An raibh a fhios agaibh gur Tomás a scríobh an t-iomann seo? ‘Arán na nAingeal’, an bhrí atá leis na focail seo. An fhréamh Laidin ar an bhfocal ‘arán’ ná ‘pan’. Sna teangacha Slávacha ciallaíonn an focal ‘pan’ Tiarna. An bhrí atá leis na focail *Pan Jezus* i dteanga na Polainne ná ‘Tiarna Íosa’.

Má bhreathnaímid níos doimhne sa scéal agus ar an bhfoinse Ghréagach atá leis an bhfocal, ciallaíonn *pan* ‘gach’ nó ‘uile’. Tá taithe againn ar an bhfocal ‘panacea’ mar rud a leigheasfadh an uile ghalair. Tagann míniú eile ar an bhfocal *pan* ón Fhraincis. An focal Fraincise le haghaidh arán ná *pain*, focal a thagann díreach ón Laidin *pan*, ach le gné nua curtha leis de bharr go gciallaíonn an focal Béarla ‘*pain*’ pian nó fulaingt.

Nuair a dhéanaimid machnamh air, tuigimid go dtagann na heilimintí seo ar fad den fhocal *pan* le chéile nuair a dhéanaimid ceiliúradh ar an Eocairist. Bronnann Íosa é féin orainn i bhfoirm aráin. Is é Íosa an Tiarna, an té atá curtha chugainn ó Dhia, an t-aon duine atá iomlán daonna agus iomlán diaga, an té a crochadh ar an gcros agus a fuair bás ar ár son. Is san Eocairist a thagaimid chun lánsástachta daonna. Tuigimid mar Chríostaithe go mbíonn comhpháirtíocht againn le Dia agus lena chéile ann nuair a dhéanaimid an Eocairist a cheiliúradh, agus go bhfaighimid síocháin agus muintearas i bhfocail Naomh Tomás san *Panis Angelicus*.

You Tube Téigh ar líne agus bain taitneamh as an leagan de *Panis Angelicus* ar YouTube, agus freagair na ceistanna seo.

Téacs Laidine

*Panis Angelicus fit panis hominum
Dat panis coelicus figuris terminum
O res mirabilis! Manducat Dominum
Pauper, pauper, servus et humilis
Pauper, pauper, servus et humilis*

Aistriúchán go Gaeilge

Déantar arán daonna as arán na n-aingeal
Arán Neimhe, buaic gach siombail
Á, a leithéid de mhíorúilt! Cothóidh Corp
Chríost
An duine bocht umhal is an giolla,
An duine bocht umhal is an giolla.

LE DÉANAMH

1. Ainmnigh cúig rud nua a d’fhoghlaim tú faoi Naomh Tomás Acain.
2. An dóigh leat gur mac ciúin múinte a bhí i dTomás? Cén fáth ar thug tú an freagra úd?
3. Cad é do bharúil faoin bhfáth le go bhfuil meas agus urraim go forleathan ar scríbhinní Thomáis?
4. Scríobh alt gearr a mhíníonn an *Panis Angelicus*.
5. Cén t-eolas faoin Eocairist atá le fáil ann?



An Mháirt, 29 Eanáir

Lá 2: An Liotúirge – Guímid

Sacrosanctum Concilium – Bunreacht an Liotúirge Naofa

Tá sé thar a bheith oiriúnach gur spreag Comóradh 50 bliain an Dara Chomhairle Vatacánach téama an 50ú Comhdháil Idirnáisiúnta Eocairisteach – ‘Mair de Réir mar a Bhronntar Ort’. An aidhm a bhain leis an Dara Chomhairle Vatacánach nuair a chuir siad Bunreacht an Liotúirge Naofa le chéile ná chun (a) na hinstitiúidí sin a bhíonn ag athrú de réir a chéile **a chur in oiriúint** do shaol an lae inniu; (b) aontas a **chothú** i measc na ndaoine sin a chreideann i gCríost; (c) an iarracht a ndéantar pobal na cruinne a mhealladh isteach i dtréad na hEaglaise a **threisiú**. (SC, 1). An cheist mhór atá le freagairt mar sin ná, an bhfuil an obair a leagadh amach caoga bliain ó shin curtha i gcrích? Nuair a chuir sé a fhístheachtairacht chuig an 50ú Comhdháil Idirnáisiúnta Eocairisteach an uair a bhí *Statio Orbis* á cheiliúradh, dúirt an Pápa Beinidict XVI gur léir go ndearnadh lear mór oibre; ach gur léir gur tharla míthuiscintí agus neamhrialtachtaí chomh maith.

Cad is brí leis an bhfocal ‘liotúirge’? Tagann sé ón nGréigis agus tá an bhrí ‘dualgas poiblí’ (na hEaglaise) leis. Mar sin, ní ceiliúradh an Aifrinn, nó ceiliúradh na hEocairiste amháin atá i gceist, ach na **deasghnátha** ar fad, na searmanais, na paidreacha, sacraimintí na hEaglaise chomh maith. Ní chuirtear deabhóidí príobháideacha san áireamh anseo áfach, cé go gcaithfear a thabhairt faoi deara go bhfuil áit thábhachtach ag an gciúnas sa liotúirge. Baineann an liotúirge le sraith fhocal, gníomhaíochtaí, siombailí agus le ciúnas. Ní tharlaíonn sé ach amháin nuair a chruinnímid **mar phobal creidimh**. Toisc go mbíonn Íosa Críost inár láthair agus muid ann, níl gníomh ar bith eile i saol na hEaglaise atá chomh **héifeachtach** i dteideal nó i méid. (SC, 7).

Deir an *Sacrosanctum Concilium* gurb é an liotúirge an **buaicphointe** a bhíonn á lorg in imeachtaí na hEaglaise, agus an fhoinsé as a dtagann gach cumhacht chuici. (SC, 10). De réir doiciméad eile ón Dara Chomhairle Vatacánach, *Lumen Gentium*, sroichimid **foinsé** agus buaicphointe an tsaoil Chaitlicigh nuair a ghlacaimid páirt i gceiliúradh na hEocairiste. (LG, 11).

Cuireadh athruithe suntasacha i bhfeidhm ar an liotúirge i rith an Dara Chomhairle Vatacánach. Tá **dualgas** agus **oibleagáid** orainn toisc gur baisteadh sinn, páirt a ghlacadh i ngach aon imeacht liotúirge ar bhealach **iomlán, gníomhach, comhfhiosach**. (SC, 14). Caithfidh gurb é príomhaidhm an ceiliúradh liotúirge mar sin, ná **rannpháirtíocht ghníomhach** a éascú. Is tríd an liotúirge a labhraíonn Críost linn, agus tugaimid freagra air trí urnaí agus trí cheol. Bealach amháin ina dtuigimid conas páirt ghníomhach a ghlacadh sa cheiliúradh liotúirge ná **trí theanga na ndaoine** a úsáid, ár dteanga féin. Sular tharla an Dara Chomhairle Vatacánach, rinneadh an ceiliúradh liotúirge sa Laidin. Spreagadh daoine chun freastal ar sheirbhísí bíoblóireachta i rith na seachtaine nó ag tráthanna áirithe na bliana liotúirge, le duine eile seachas an sagart i gceannas. Maidir leis an Tráth Diaga de, deirtear go neamhbhalbh gur urnaí phobail atá ann, agus urnaí na maidine agus urnaí tráthnóna bheith mar bhacáin ar urnaí an lae san Eaglais dá bharr. Ba cheart do pharóistí smaoineamh faoin **Tráth Diaga** a cheiliúradh. Déantar trácht ar na sacraimintí mar ‘sacraimintí an chreidimh’ (SC, 59) ní hé amháin go gcuireann siad saol chreidimh na hEaglaise ar fáil do na rannpháirtithe, ach go leanann siad **á chothú, á láidir, á chur in iúl**. Cuireann **na sacraimintí** seo le tógáil na hEaglaise Caitlicigh. **Naomhaíonn** siad ár ngnáthshaol.

Dá bhrí sin, chomh maith leis na sacraimintí bheith á gceiliúradh aici, déanann an Eaglais ceiliúradh ar an mbliain liotúirge, rud a leagann mistéir iomlán Chríost amach rómhainn, (SC, 102) agus déanann sí ceiliúradh ar Mhuire mar Mháthair Dé, toisc go bhfuil nasc dohriste aici le hobair a mac mar shlánaitheoir. (SC, 103). Tosaíonn príomh-imeachtaí na bliana liotúirge leis an Aidhbhint, agus leantar ar aghaidh ansin don Nollaig. An chéad séasúr mór eile ná an Carghas, leanann an Cháisc agus an Chincís ansin. Déanann an bhliain liotúirge ceiliúradh chomh maith ar bheatha na

naomh agus na mairtíreach, daoine a léirigh neart an chreidimh in aghaidh an lae. Bíonn léargas gearr ann i gceiliúradh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha ar shaol na mairtíreach is na naomh a thagann chun cuimhne i rith na seachtaine seo.

Is í an ceiliúradh ar an Eocairist an ceiliúradh liotúirge is mó i saol na hEaglaise, nach mór. Deir an Chomhairle gur de réir an traidisiúin a cuireadh ar aghaidh ó aimsir na nAspal i leith, ón lá a d'aiséirigh Críost ó na mairbh, go ndéanann an Eaglais ceiliúradh ar mhístéir na Cásca gach ochtú lá, ar an lá a dtugtar Lá an Tiarna, nó An Domhnach air. Is ar an lá seo a chuirtear iallach ar phobal Chríost teacht le chéile in aon ionad amháin. Éisteann siad le Briathar Dé agus glacann siad páirt san Eocairist, ag déanamh ceiliúradh ar pháis Chríost, ar an Aiséirí, ar ghlóir Íosa Críost, agus iad ag gabháil buíochas leis siúd a thug an bheatha nua agus an dóchas leanúnach dóibh trí aiséirí Chríost ó na mairbh. (SC, 106). Ní bhíonn amhras ar bith orainn maidir leis na fáthanna atá ann leis an Eocairist a cheiliúradh. Agus é ag déanamh trácht ar an *Statio Orbis*, thug an tAthair Tomás Rosica ó fhondúireacht 'Salann agus Solas' na meán Caitliceach le fios gur pearsa darb ainm Íosa a bhí san Eocairist. Déanann seo athrá ar an téama a spreag an Dara Chomhairle Vatacánach le haghaidh an 50ú Comhdháil Idirnáisiúnta Eocairisteach – 'Mair de Réir mar a Bhronntar Ort.'

Bíonn páirt nach beag ag an gceol sa cheiliúradh liotúirge. Deir an Chomhairle gur stórchiste nach bhféadfaí luach a chur air, níos mó ná mar atá ag aon ealaíon eile, atá i dtraidisiún ceoil na hEaglaise domhanda. (SC, 112). Cuireann an ceol áilleacht leis an gceiliúradh, agus tugann deis do na creidmhigh páirt ghníomhach a ghlacadh ann. Ba cheart gurb amhlaidh do gach uile cheiliúradh liotúirge. Tá ról ar leith ann don ealaín naofa chomh maith. Mar rud a chruthaigh an duine daonna, ba cheart go n-iompódh an ealaín naofa ár smaointe i dtreo Dé. (SC, 122).

Sa Lá atá Inniu Ann

Agus é ag cur síos ar imeachtaí Pháirc an Chrócaigh ar an 17 Meitheamh 2012, dúirt an tAthair Tomás Rosica go ndearnadh claochlú ar an teampall peile agus rugbaí seo, le bheith ina ardeaglais faoin spéir. Ghlac breis agus 75,000 duine ó 120 tír éagsúil páirt i bPáirc an Chrócaigh leis an *Statio Orbis*, an tAifreann a chuir deireadh leis an gComhdháil Eocairisteach 2012 a cheiliúradh. San aitheasc a thug sé dúirt an Cairdinéal Ouellet gurb é an creideamh an bronnantas ba luachmhara dar bronnadh orainn sa Bhaisteadh. Níor theastaigh uaidh go gcoimeádfaimis faoi cheilt go heaglach é, ach ligean dó fás mar chrann taibhseach trí é a roinnt go forleathan.


Is mar sin a rinneadh ceiliúradh i mBaile Átha Cliath ón 10 – 17 Meitheamh 2012, ar an liotúirge a chuir ar chumas an chreidimh a bhí ionainn, fás ar bhealach poiblí neamheaglach. Cuireadh tús leis an gceiliúradh ar an gcéad lá le searmanas tosaigh agus ceiliúradh na hEocairiste, agus an téama 'Cruinnimid' ag gabháil leis. I rith na seachtaine sin bhí ceiliúradh in aghaidh an lae le hurnaí na maidine, liotúirge éicúiméanach 'Briathar agus Uisce', Liotúirge an Athmhuintearais, Ola na nEaslán, agus mórshiúl tráthnóna na hEocairiste ar an gceathrú lá. Bíonn brí leis an mórshiúl Eocairisteach go fóill in áiteanna ar fud na tíre ar lá *Corpus Christi*. Cuirtear an naomhshacraimint in oisteachsáir agus bíonn mórshiúl timpeall an bhaile, nó timpeall na cathrach. Eagraítear na paidreacha le cabhair chóras fógartha poiblí, agus cuirtear ceol ar fáil leis.

Tugadh cuid mhaith léachtaí i rith na seachtaine chomh maith. Nuair a bhí sí ag trácht ar an liotúirge, thug Julie Kavanagh imlíniú ar na bunphrionsabail a bhain leis na deasghnátha agus leis an liotúirge. Dúirt sí gur deasghnáth corpraithe a bhí sa liotúirge. Ciallaíonn sé seo gur daoine corpraithe sinne, agus go ndéanann na coirp seo an liotúirge. Rinne sí trácht ar Aidan Kavanagh nach maireann, nuair a luaigh sí go mbeirtear ar an Eaglais ag feidhmiú mar ba chóir, sa liotúirge. Baineann gníomhaíocht leis an liotúirge, chomh maith le briathra agus siombailí. Ní hamháin trí na scríoptúir, tríd an sagart agus san Eocairist a bhuailimid le Críost, ach trí bheith ag cruinniú lena chéile chomh maith. Is sa liotúirge a dhéanaimid teagmháil le Críost. Cén mórthionchar a bhí ag an 50ú Comhdháil Idirnáisiúnta Eocairisteach orainn? De réir an Ardeaspaig Diarmuid Ó Máirtín mhúscaill an IEC inár gcroí an rud a chuaigh i bhfad thar fóir ar na pleananna agus ar an méid a raibh súil againn leis.



LE DÉANAMH

1. Sula gcuirimid chuige anseo, ceistigh na daltaí maidir leis an gcéad rud a thagann chun cuimhne nuair a chloiseann siad an focal 'liotúirge'.
2. Le cabhair ón mhúinteoir agus ón bhfoclóir, tabhair míniúcháin ar na focail san alt seo atá le sonrú i ndath.
3. Déan liosta de na focail san alt seo nach mbeadh in úsáid ag duine ach amháin i gcomhrá maidir leis na topaicí 'Eaglais' agus 'Liotúirge'.
4. Nuair a bhíonn an t-alt léite agaibh, déan amach imlíne d'ócáid liotúirge a roghnódh sibh mar rang, agus spiorad an ailt á chur i bhfeidhm agaibh air. Ba cheart go mbeadh taighde déanta agaibh faoi dheasghnátha éagsúla ionas go mbeidh cur amach agaibh ar chúrsaí sula gcuireann sibh chuige leis an obair seo. Bain úsáid as na buanna éagsúla a bhíonn ag na daltaí leis an liotúirge seo a reáchtáil. (Chuirfeadh ceoltóirí, amhránaithe, baill chóir, ealaíontóirí, filí, agus daoine eile na buanna atá acu i bhfeidhm ar chomhdhéanamh an liotúirge.) Is gá go dtabharfaí aird ar leith ar na téamaí seo nuair a bhíonn an liotúirge á phleanáil:



5. Déan machnamh faoi pé thionchar a bhí ag an 50^ú Chomhdháil Idirnáisiúnta Eocairisteach oraibh. B'fhéidir go ndearna na mic léinn sinsearacha staidéar ar Chomhdháil Eocairisteach na bliana 1932 i gcomhthéacs stairiúil. Cad iad na bealaí ina raibh an Chomhdháil sin éagsúil ón gComhdháil seo.
6. Déan machnamh faoin tionchar a bhíonn ag an liotúirge ar do shaol féin. An bhfuil difríocht ann idir an ról sin agus an tionchar a d'fhéadfadh an liotúirge a chur i bhfeidhm ar do shaol? Cén uair i do shaol a dhéanann tú freastal ar ócáidí liotúirge, nó a leithéidí a lorg?

Cruthaigh d'Fhéilire Liotúirge Féin

I dtosach báire foghlaimeoidimid conas cuid de dhátaí speisialta na bliana liotúirge a dhéanamh amach, agus ansin déanfaimid féilire liotúirge a chruthú dúinn féin.

Céim 1: Comhair siar ceithre Dhomhnach roimh Nollaig chun teacht ar an dáta den chéad Domhnach d'Aidbhint.

Dáta:

Céim 2: Chun teacht ar dháta Dhomhnach Cásca, caithfidh tú an dáta den chéad ghealach lán i ndiaidh Chónocht an Earraigh a aimsiú. Is é Domhnach na Cásca an Domhnach ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, má bhíonn an chéad ghealach lán i ndiaidh Chónocht an Earraigh ar an 31 Márta, déan amach an dáta de Dhomhnach na Cásca. Má tharlaíonn an chéad ghealach lán ar Dhomhnach, is é sin dáta Dhomhnach Cásca.

Dáta:

Céim 3: Anois, tóg dáta Dhomhnach Cásca, bain 46 lá de agus aimseoidh tú dáta Chéadaoin an Luaithrigh.

Dáta:

Céim 4: Tóg dáta Dhomhnach Cásca, agus déan amach dáta an Domhnaigh roimhe sin. Tá dáta Domhnach na Pailme aimsithe agat.

Dáta:

Céim 5: Tóg dáta Domhnach na Pailme agus téigh go dtí an Déardaoin ina dhiaidh. Sin dáta den Déardaoin Mandála.

Dáta:

Céim 6: An lá i ndiaidh Déardaoin Mandála ná Aoine an Chéasta.

Dáta:

Céim 7: Tóg dáta Dhomhnach Cásca agus cuir 40 lá leis. Seo Lá Fhéile Deascabháil ár dTiarna ar Neamh.

Dáta:

Céim 8: Tóg dáta Dhomhnach Cásca agus cuir 50 lá leis. Is é seo Domhnach Cincise.

Dáta:

Céim 9: Mar chríoch, féach Lá Nollag 2014. Comhair siar ceithre Dhomhnach roimh Nollaig chun teacht ar an dáta den gcéad Domhnach d'Aidbhint na bliana liotúirge seo chugainn.

Dáta:



An Chéadaoin, 30 Eanáir

Lá 3: Briathar Dé – Teagmháil

Dei Verbum – Foraithe Fhoilsiú ó Dhia

Caoga bliain ó shin tharla an cruinniú ba mhó riamh i stair na hEaglaise sa Róimh. Tugadh an Dara Chomhairle Vatacánach air. Ní cruinniú gearr a bhí ann, toisc gur mhair sé ar feadh trí bliana, agus ba é ba chúis le cuid mhaith athruithe a chur ar bun i saol na hEaglaise, athruithe a bhfuil tionchar acu ar an Eaglais atá againne inniu. Tharla na hathruithe seo de bharr doiciméid a ullmhaíodh, a ndearnadh díospóireacht ina leith, agus a thug na heaspaig a bhí mar bhaill na Comhairle faomhadh dóibh. Dei Verbum (Briathar Dé), ab ainm do cheann de na doiciméid ba thábhachtaí a chuir siad ar fáil. Leagann an cháipéis seo amach na bealaí ina gcaithfidh Caitlicigh áit lárnach a thabhairt don Bhíobla agus do na téacsanna Diaga sa chreideamh. Déanaimis machnamh ar feadh tamaill ar an méid a chreidimid mar Chaitlicigh maidir leis an mBíobla.

Breathnaigh ar na ráitis seo leanas agus abair an fíor nó falsa dóibh.

	Fíor	Falsa
Deir an Eaglais Chaitliceach go bhfuil ciall litriúil le baint as an mBíobla		
Níl ach an Tiomna Nua sa Bhíobla Caitliceach		
Creideann an Eaglais Chaitliceach sa traidisiún ársa, chomh maith leis na scríoptúir		
Ní léitear an Sean-Tiomna riamh ag an Aifreann		
Creideann na Caitlicigh go mbíonn Dia i láthair ina Bhriathar agus san Eocairist		

Más rud é gur thug tú freagra mícheart ar aon cheann de na ceistean, téigh agus lorg an méid go díreach atá i dteagasc na hEaglaise Caitlicigh maidir leis an bpointe áirithe sin.

I gcroílár na tuisceana Caitlicigh maidir leis an mBíobla creidimid gur féidir linn teagmháil a dhéanamh le Dia trína Bhriathar. Cuirimid taithí ar Dhia, ní mar phearsa ón am atá thart atá i gcéin uainn, ach mar dhuine beo inár láthair a bhronnann an bheatha orainn. Déanaimis trí shliocht ón mBíobla a labhraíonn faoi Bhriathar Dé a chur faoi chaibidil:

Óir an dlí seo a aithním duit inniu níl sé thar do chumas ná gan breith agat air. Ní ar neamh atá sé agus nár mhór duit a rá: 'Cé a rachaidh suas ar neamh dúinn lena bhreith anuas chugainn, chun go gcluinfimis é agus déanamh dá réir?' Ní mó ná sin is thar lear atá agus nár mhór duit a rá: 'Cé a rachaidh thar lear dúinn agus é a thabhairt chugainn chun go gcluinfimis é agus déanamh dá réir.' Ní amhlaidh atá; tá an briathar an-ghar duit; tá sé i do bhéal agus i do chroí agat le comhlíonadh. (Deot. 30:11-14)

Óir mar a thagann báisteach agus sneachta anuas ó na spéartha agus nach bhfillleann suas ar ais gan an talamh a fhliuchadh, gan fás agus eascairt a chur ann, chun go dtuga sé síol don síoladóir agus arán le hithe, is amhlaidh don bhriathar a théann as mo bhéal, ní fhilleann orm gan toradh, gan an rud ab áil liom a dhéanamh agus mo bheart a chur i gcrích. (Ís 55:10-11)

Is lóchrann do mo chosa do bhriathar;
is solas do mo chosán é. (Salm 119:105)

LE DÉANAMH :

Déan grúpaí beaga agus roghnaigh ceann de na sleachta thuas. Léigh go cúramach é, agus tabhair aire do na smaointe agus do na hiomhánna a úsáidtear ann. Déan plé maidir leis an rud atá á rá ag an údar. Leis an ngrúpa, scríobh cuntas gearr faoin mbealach ina bhféadfadh Briathar Dé dul i bhfeidhm ar bhur saol féin agus bheith mar fhoinsé dóchais, nirt agus suaimhnis daoibh.

Nuair a bhíonn críochnaithe agaibh, roinn an méid a scríobh sibh leis na grúpaí eile.

An Leicseanár

Ag Aifreann an Domhnaigh ní léann na Caitlicigh ón mBíobla féin, ach léitear sleachta ón mBíobla atá curtha le chéile i leabhar darb ainm an Leicseanár. Cuireadh an leabhar seo mar atá sé faoi láthair le chéile i ndiaidh an Dara Chomhairle Vatacánach le cabhair a thabhairt do dhaoine aithne níos fearr a chur ar an mBíobla agus ar na leabhair éagsúla atá istigh ann. Cuirtear léachtaí an Domhnaigh ar fáil i gciogal trí bliana A B C. Bíonn ceithre léacht ar fáil d’Aifreann an Domhnaigh: ceann ón Sean-Tiomna, Salm ina dhiaidh sin; leacht ó Litreacha an Tiomna Nua, agus leacht ón Soiscéal a dhéanann cur síos ar bheatha Chríost.

Cúig Chéim le hUrnaí a Dhéanamh tríd an mBíobla

Roghnaigh sliocht ón mBíobla, léacht ó Aifreann an Domhnaigh b’fhéidir, agus lean na céimeanna seo:

1. LÉIGH


Cad a deir an sliocht roghnaithe?
2. DÉAN MACHNAMH

Cad a deir an sliocht roghnaithe liomsa?
3. GUIGH

Cad a déarfainn le Dia, agus cad a deir Dia liomsa?
4. SMAOINIGH

Glacaim le cuireadh Dé agus suím go ciúin ina láthair.
5. GNÍOMHAIGH

Ba mhaith liom Briathar Dé a chur i bhfeidhm i mo shaol.





Naomh Aodán Fearna

Nuair a bhí sé ina ghasúr, rug Ardri na hÉireann, Aedh Mac Ainmhuirech de Cenél Conaill ar Aodán mar chime.

Bhunaigh sé mainistir i bhFearna, Contae Loch Garman, agus b'eisean an chéad easpag ar Fherna.

Rinne Aodán staidéar faoi threoir Naomh Finian Chluain Ard le bheith ina mhanach.

Tá ainm in airde ar Naomh Aodán de bharr na míorúiltí a rinne sé a léirigh an cineáltas agus an fhlaithiúlacht a bhain leis. Tá scéal ann faoi dhaoine a ghléas iad féin mar bhacaigh, le cabhair a fháil ó Aodán. Thuig Aodán an méid a bhí déanta acu, bhain sé na héadaí díobh agus thug don fhíorbhocht iad, agus d'fhág na bacaigh gan éadaí gan déirc.

Níor ith sé ach arán eorna, agus níor ól sé ach uisce ar feadh seacht mbliana, agus é ag rá 500 salm in aghaidh an lae.

Rug sé ar bheirt fhear óga a bhí báite, ceapadh, agus thug sé beo ón uisce iad.

Sa bhliain 580 d'fhill Aodán ar Éirinn, le cónaí ar chósta Loch Garman. D'fhreastal sé ar phobal Fherna.



Lá amháin agus é amuigh ag guí agus ag staidéar, rith fia ina threo ag lorg dídine ó mhadra. Leag Aodán an táibléad ar a raibh sé ag scríobh, anuas ar cheann an fhia ionas nach bhféadfaí é a fheiceáil, go dtí gur imigh an madra.

Nuair a theastaigh uaidh an mhainistir a thógáil, bheannaigh sé lámha fhir gan oiliúint, agus rinneadh saor den scoth as, agus maisitheoir ar mhainistir Naomh Aodán.

Fuair sé bás ar an 31 Eanáir 631. Tá cumhdach cré-umhaí ina bhfuil a iarsmaí curtha ón 11ú chéad, á choimeád i mBaile Átha Cliath.

LE DÉANAMH:

Obair Naomh Aodán i saol an lae inniu ...

An bhféadfá scéal a aimsiú ó nuacht na seachtaine seo caite inar chabhraigh duine le hainmhí a bhí faoi anacair, nó go ndearna duine tarrtháil éachtach, nó inar cabhraíodh nó inar spreagadh duine eile gan oiliúint scileanna nua a fhoghlaim, nó post a fháil?



Lá na Seantuismitheoirí – Roinnimid an Dea-Scéala sa Bhaile

I mbliana, is í an Chéadaoin de Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha an lá chun ceiliúradh a dhéanamh ar scoil agus sa phobal i gcoitinne maidir leis na seantuismitheoirí agus an cion oibre a dhéanann siad nuair a thugann siad an creideamh ar aghaidh don ghlúin óg, agus nuair a thacaíonn siad le pobal an chreidimh sa bhaile agus sa pharóiste.

Scríobh Dán, Paidir, nó Scéal

Déantar Lá Náisiúnta Seantuismitheoirí na hÉireann a cheiliúradh in aghaidh na bliana i mí Mheán Fómhair. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag an suíomh www.catholicgrandparentsassociation.com. Ba bhreá leis an mhuintir a eagraíonn an ócáid seo go bhfaighidís paidreacha, nó dánta mar gheall ar na seantuismitheoirí agus iad a bheith istigh ar an gcomóradh. D'fhéadfá am a chaitheamh inniu ag tabhairt cuireadh do na daltaí scéal nó dán nó paidir a scríobh ag cur síos ar na seantuismitheoirí. Tabharfar na cáipéisí seo go Cnoc Mhuire agus leagfar ar altóir na scríne iad an uair a bheidh Lá na Seantuismitheoirí á chomóradh, mí Mheán Fómhair seo chugainn. Is féidir dánta, paidreacha agus scéalta a chur sa phost chuig Aontas na Seantuismitheoirí Caitliceacha, An Meal, Sráid Chaisleán an Bharraigh, Cathair na Mart, Contae Mhaigh Eo. (Fón: 098- 24877)

Cárta an Dea-Scéala

Déan cártaí leis na focail seo scríofa orthu:

'Buíochas as bheith linn chun an dea-scéala a roinnt lenár muintir'

Is féidir iad a thabhairt abhaile le bronnadh ar na seantuismitheoirí, nó iad a chur sa phost má bhíonn na daoine sin ag cónaí as baile.

Grá ar Leith

Bíonn grá ar leith ag páistí dá seantuismitheoirí. Baineann meas thar cuimse leis an ngrá seo, as an aigne agus an cumas a bhíonn iontu. Bímid thar a bheith buíoch díobh as na luachanna a bhronn siad orainn, agus bainimid sult as na scéalta teaghlaigh a bhíonn acu agus a roinneann siad linn. Is grá ar leith é an grá seo, grá a eascraíonn ón gcúram agus as an aire a thug siad dúinn ar feadh na mblianta fada. Is é seo an saghas grá a léireofar duitse a sheanathair agus duitse a sheanmháthair, ar ócáid mar seo agus i gcónaí riamh.

Buíochas le hAontas na Seantuismitheoirí, Cathair na Mart, Contae Mhaigh Eo



An Déardaoin, 31 Eanáir

Lá 4: Tuataí – Glacaimid Páirt

Apostolicam Actuositatem – Foraithe ar Ról Aspalda na dTuataí

Ar an 18 Samhain 1965, foilsíodh Foraithe ar Ról Aspalda na dTuataí. Sa doiciméad seo rinne na baill a ghlac páirt sa Dara Chomhairle Vatacánach imlíniú ar ról na dTuataí i misean aspalda na hEaglaise. Dhírigh siad a n-aire ar ghné amháin den obair sin maidir le Gníomhartha Carthanachta agus Cúnamh Sóisialta.

San áit a bhfuil daoine ann nach bhfuil go leor le hithe agus le hól acu, gan dídean, gan éadach, gan cóir leighis, gan oideachas, gan acmhainní riachtanacha maireachtála acu, ina mbíonn daoine thíos leis agus easlán, ina ndeoraithe nó ina bpríosúnaigh, ba cheart go rachadh an charthanacht Chríostaí ina measc á lorg, chun aire chomhbháich agus cabhair a thabhairt dóibh a bhainfeadh an t-ualach díobh. (Caib. 2, alt 8)

Rinne Don Bosco a leithéid ó thús, é ag glacadh inspioráide óna mháthair féin 'Mama Maighréad', bean a dhíol a teach féin agus a thug maoin an tsaoil uaithe leis na deich mbliana deireanacha dá saol a chaitheamh ar mhaithe le freastal ar na daoine óga a chónaigh sa chéad teach Sailéiseach. Spreag Don Bosco na tuataí le páirt a ghlacadh ina mhisean féin agus ina ról aspalda féin.

Is féidir le tuataí an lae inniu páirt a ghlacadh in obair na Sailéiseach trí bheith mar oibrithe deonacha le:



DON BOSCO

a) **Teach Don Bosco.** Teach a bhunaigh na Sailéiseach i mBaile Átha Cliath chun cúram a dhéanamh de dhaoine óga nach féidir leo cónaí sa bhaile, agus dídean a thabhairt dóibh.

Nó



b) **Oibrithe Deonacha Savio,** a thugann deis do dhaoine fásta páirt a ghlacadh i misean na Sailéiseach oideachas a chur ar an óige, trí na buanna a bhíonn acu a roinnt leis an óige agus leis na bochtáin i gcomhluidair Sailéiseacha ar fud an domhain.

LE DÉANAMH:

1. Logáil isteach le Sailéisigh Don Bosco ag an suíomh Éireannach www.salesiansireland.ie agus léigh na scéalta atá ag na hoibrithe deonacha.
2. Déan íoslódáil ar fhoirm iarratais le páirt a ghlacadh mar oibrí tuataí deonach i dTeach Don Bosco nó le Savio, agus féach an méid atá á lorg ó dhaoine a ghlacfaidh páirt ina leithéid de ról aspalda na dtuataí.
3. An nglacfa páirt tú féin i gclár mar seo nó nach nglacfa? Déan plé faoi.



Lá Fhéile Naomh Eoin Bosco

Saol Don Bosco (1815 – 1888)

Rugadh Eoin Bosco ar an 16 Lúnasa 1815 ar an taobh thoir de chathair Turin, san Iodáil. Ón uair a bhí sé ina ghasúir, bheartaigh sé go ndéanfadh sé a shaol a chaitheamh ag feidhmiú ar son na hóige. Rinneadh sagart de i mí an Mheithimh 1841, agus chuir sé chun oibre ar mhaithe le daoine óga bochta Turin.

Turin sa Naoú hAois Déag

Ag tosach an naoú haois déag, bhí iliomad fadhbanna sóisialta le sonrú i gcathair Turin agus mórthimpeall uirthi. Bhí an réabhlóid thionsclaíoch faoi lánseol agus cuid mhaith duine óg ag bailiú isteach sa chathair, ar lorg oibre sna monarchana. Breathnaíodh orthu mar fhoinsé shaor oibre, agus toisc nach raibh go leor oibre ann don uile dhuine, bhíodh díomá ar go leor acu.

Bhí easpa mhór airgid ann, caighdeán íseal lóistín, agus ardú suntasach ar choireanna. Líonadh na príosúin le fir óga ach go háirithe. Ní raibh teacht ar oideachas ach amháin ag lucht an rachmais, agus faoin mbliain 1848 bhí breis agus 30,000 duine óg neamhliteartha i gcathair Turin, sé sin 40% nach mór, den daonra.


Chuir Eoin Bosco a ladar sa scéal. Mar chuid den obair a rinne sé, thug sé cuairt ar charcracha Turin. Is anseo a fuair sé taithí láidir maidir leis an diananró a d'fhulaing an t-uafás duine óg leochaileach. Chuaigh an droch-chaoi ina rabhadar go mór i bhfeidhm air. Thuig sé go maith go gcaithfeadh sé gníomhú dá réir. Cad a d'fhéadfadh sé a dhéanamh áfach?

Smaoinigh sé ar chur chuige ar bhealach úrnua. Mheasc sé leis na daoine óga ba ghairbhe, d'imir sé cártaí leo sa tábhairne agus thug sé cuireadh dóibh aithne a chur air. Scannalaíodh go leor dá chairde sagart dá bharr. Cheap cuid acu go raibh a chiall caillte aige agus rinne siad iarracht ag staid amháin é a chur in ospidéal na meabhairghalar. Ghlac sé cuid mhaith ama teacht thar na fadhbanna agus thar an chlaontacht sin.

Misean Don Bosco

Bhí sé de bhua ag Eoin Bosco go raibh sé ar a shuaimhneas i measc na ndaoine óga neamhliteartha seo a bhí gan dídean, agus spreagadh chun oibre é dá bharr. Bhunaigh sé scoil scairte teagasc creidimh an Domhnaigh i dtosach báire, agus ansin scoil cheirde i mbothán a chuir sé i dtreo chuige. Bhailigh na sluaite duine óg chuige chun foghlama, agus chun lóistín a lorg. D'oibrigh sé go dian ar mhaithe le cearta na bprintíseach. Leath cháil a chuid oibre. Bhreathnaigh daoine air mar fhear naofa anois, agus ní mar dhuine a raibh fadhbanna intinne aige. Rinne sé éachtaí nach bhféadfaí a shamhlú.

De réir mar a d'fhás an obair a bhí á dhéanamh aige, sea tháinig fir óga i gcabhair air. Ba iad na baill thosaigh den chomhlúadar reiligiúnach ar a dtugadh na 'Sailéisigh', agus na fir a dhéanadh a chuid oibre a chur chun cinn. Bhí go leor daoine eile a tháinig i gcabhair air, agus a mháthair féin 'Mama Maighréad' ina measc. Sa lá atá inniu ann tá breis agus 400,000 tuataí ag obair leis an gcomhlúadar leathan Sailéiseach. Tar éis tamaill bhunaigh Eoin na Siúracha Sailéiseacha, i gcomhar le Máire Mazzarello, chun go dtabharfaidís an chabhair chéanna do na cailíní.





Cad as ar Tháinig an tAinm ‘Sailéiseach’



Bhí an-mheas ag Eoin Bosco ar Naomh Proinsias de Sales (1567–1622). Rugadh Proinsias in aice leis an Ghinéiv, agus ba eisean éarlamh Piedmont agus Savoy. Bhí an-mheas ag Eoin Bosco ar an spioradáltacht lúcháireach dhóchasach, agus leis an tsimplíocht a bhain lena shaol. Bhíodh meafar ag Proinsias i dtaobh na hoibre a rinne sé nuair a dúirt sé go bhféadfaí níos mó cuileoga a mhealladh le spúnóg mheala ná mar a mheallfá le bairille fínéagair. An rud a bhí i gceist aige ná go mbíonn an grá níos láidre ná foréigin nó fórsa ar bith. Toisc gur bhain cur chuige caoin séimh leis, roghnaigh Eoin Bosco, Naomh Proinsias le bheith mar éarlamh ar a chomhlúadar, agus is dá bharr san gur tugadh Sailéiseach orthu.

Thuig Proinsias agus Don Bosco beirt go dtosaíonn gach uile rud le hÍosa, agus go dtagann gach uile rud ar ais chuige ag an deireadh. An grá ó thús deireadh atá ann, an modh oibre ar fad. Scaip obair agus teagasc Eoin Bosco ar fud an domhain. Chaith sé a shaol ag obair gan staonadh ar mhaithe le hóige Turin agus a bhrúachbhailte, go dtí go bhfuair sé bás ar an 31 Eanáir 1888 agus é trí bliana dhéag agus trí scór d’aois.

Rinne an Pápa Pius XI naomh ar an Eaglais Chaitliceach de sa bhliain 1934, agus sa bhliain 1988 rinne an Pápa Eoin Pól II tagairt dó mar athair agus mar mhúinteoir don óige.

An Lógó Sailéiseach

Tá dhá íomhá anuas ar a chéile le sonrú ar lógó na Sailéiseach, lógó a thaispeánann Don Bosco agus na Sailéiseach agus iad ag siúl an domhain i measc na hóige:

1. Sa chúlra tá ‘S’ (Sailéisigh) stílithe i mbán, curtha i lár sféir atá mar chruinneog, agus marcáilte ar clé is ar dheis le com idir chnoic, rud a chuireann turas in aigne dúinn, nó domhan a bheadh roinnte.
2. Tá saighead dírithe in airde ag luí ar thrí chos ingearacha le sonrú sa dara híomhá, agus trí chiorcal dúnta anuas orthu, rud a chuireann triúr stílithe in aigne dúinn, an té atá i lár baill agus níos airde ná na daoine eile, is eisean ceann na saighde. Tá an chosúlacht ann go bhfuil an duine lárnach seo ag breith barróige ar an mbeirt eile.
3. D’fhéadfaí breathnú ar an triúr stílithe agus an tsaighead dírithe in airde mar theach simplí le díon claonta (na lámha) agus le colúin á ardú (coirp an triúr).

LE DÉANAMH:

Déan íomhá méadaithe den lógó Sailéiseach a theilgeadh agus cuir ceist ar na daltaí plé a dhéanamh faoi, nó píosa machnamhach a scríobh maidir leis an mbealach ina léiríonn an lógó saol agus misean Eoin Bosco.

Ábhar machnaimh agus plé faoin lógó Sailéiseach.

- a) Bhain Don Bosco úsáid as an gcéad aireagal nó dídean a bhí aige mar eiseamláir ar obair na misean Sailéiseach ar fud an domhain. Ba bhaile é a chuir fáilte roimh an óige, ba scoil é a d’ullmhaigh don saol iad, ba pharóiste é a mhínigh an creideamh dóibh, b’ionad spraoi é ina bhféadfadh cairde teagmháil a dhéanamh lena chéile agus taitneamh a bhaint as an saol.
- b) Má thagann duine ar an té atá ag fáil bháis den ocras, deirtear gur cheart a mhúineadh dó conas iascaireacht a dhéanamh, in ionad iasc a thabhairt dó. B’fhéidir go bhfuil a mhalairt ar fad fíor áfach, agus gur ceart iasc a thabhairt don duine sin ionas go mairfidh sé fada go leor le go bhféadfadh sé an iascaireacht a fhoghlaim. Rinne Don Bosco agus na Sailéiseach iarracht ó thús go mbeadh an chothromaíocht cheart ann maidir leis an mbia, an lóistín, an t-oideachas Caitliceach, an traenáil ghairmiúil agus féachaint chuige go raibh an obair a chuir siad ar fáil do dhaoine faoi choimirce chonradh dlíthiúil leis na fostóirí.

An Aoine, 1 Feabhra Lá 5: Idirchreideamh – Sínimid Lámh

Nostra Aetate – Foraithe ar Ról na hEaglaise i leith Neamh-Chríostaithe

Creideann an Eaglais go ndearna Críost ár síocháin, an dá bhuíon, Giúdaigh agus Críostaithe a thabhairt chun athmhuintearais le Dia in aon chorp amháin tríd an gcros ar ar chuir sé an naimhdeas chun báis... (Eph 2:14-16)

Tuigimid go maith go mbaineann daoine le teaghlaigh éagsúla, go bhfuil dath craicinn éagsúil orthu, gur maith leo nó gur ghráin leo rudaí éagsúla, go mbíonn roghanna polaitiúla éagsúla acu, agus go mbíonn éagsúlacht taithí acu ar an saol. Is mar an gcéanna do na creidimh éagsúla, baineann a stair féin leo, sraith creidiúintí, cóid mhaireachtála, agus bíonn bealaí adhartha éagsúla acu. Tá cur síos ar na difríochtaí atá le sonrú i measc na cúig príomhchreidimh domhanda sna boscaí thíos. Cé go mbíodh achrann go leor ann i measc na gcreideamh sin tráth, sa lá atá inniu ann bíonn siad ag comhoibriú lena chéile chun tuiscint a chothú ina measc, agus iad ag obair lena chéile chun saol a thógáil ina gcónóidh daoine go síochánta lena chéile.

Caidreamh Idirchreidimh a dtugtar air nuair a bhíonn reiligiúin éagsúla i gcomhrá lena chéile. Bíonn difríocht ann idir an Caidreamh Idirchreidimh (nó idir-reiligiúin) agus an t-éacúiméanachas toisc go ndéanann sé tagairt do chaidreamh reiligiúnach, nach caidreamh Críostaí amháin é.

Creideamh	An Chríostaíocht	Ioslam	Hiondúchas	Búdachas	Giúdachas
Lucht Leanúna	2100 milliún	1600 milliún	900 milliún	400 milliún	18 milliún
Téacs Diaga	Bíobla	An Córan	Vedas	Tripitaka Mahayana/ Sutras	Tanakh (Torah)
Cód Morálta	An Dá Aithne Mhór/Bíáide	Cúig Cholún	Déan Machnamh agus Dea-ghníomh	Ceithre Fhírinne Thriathacha/ Conair na n-Ocht Rian	Na Deich nAitheanta
Ionad Adhartha	Eaglais/ Séipéal/ Ardeaglais	Mosque	Mandira	Teampall	Sionagóg

Ceannaireacht Chaitliceach agus Caidreamh Idirchreidimh

Lá Domhanda na hUrnaí An Pápa Eoin Pól II

I rith Lá Domhanda na hUrnaí 2002, Ghlac an Pápa Eoin Pól II ceannasaíocht ar dhá chéad cheann urra eile nuair a bhíodar ag guí ar son na síochána domhanda ag Assisi, an áit inar rugadh Naomh Proinsias. Chuaigh baill éagsúla na gcomhlúadar creidimh go hAssisi ar chóras traenach Vatacánach,

córas nach n-úsáidtear rómhinic, i dtraein seacht gcarr a chuir córas traenach stáit na hIodáile ar fáil. Dúirt an Pápa Eoin Pól gur mhaith leis úsáid a bhaint as traein na síochána le go mbraithfeadh na baill a bhí ag freastal ar Lá Domhanda na hUrnaí go rabhadar ar chomhchéim lena chéile.

Ag Tógáil lena Chéile

An Pápa Beinidict XVI

Domhan na Síochána agus an Bhráithreachais

Agus mé ag cur le, agus ag leanúint leis an obair a thosaigh mo réamhtheachtaí an Pápa Eoin Pól II, guím go sollúnta go leanfaidh an caidreamh muiníneach a d'fhás idir Chríostaithe agus Mhoslamaigh le blianta beaga anuas le meas agus dáiríreacht chuí, agus go gcuirfidimid aithne lúcháireach níos fearr ar a chéile, ionas go n-aithneofar an gaol creidimh a roinnimid, agus go dtabharfaimid aitheantas iomlán do na difríochtaí atá eadrainn. Bíonn géarghá le caidreamh idirchreidimh agus idir-reiligiúin le go dtógfaí domhan bunaithe ar an tsíocháin agus ar an mbráithreachas, an rud a lorgaíonn


pobal na dea-thola.... Creidim go diongbháilte go bhfuil géarghá leis i saol an lae inniu go mbeadh Críostaithe agus Moslamaigh ag obair lena chéile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a gcuirtear os comhair an chine dhaonna, maidir leis an duine aonair a chosaint, aitheantas a thabhairt do dhínit an duine, agus na cearta a eascraíonn ón dínit sin a bhronnadh ar chách.

Aitheasc An Phápa Beinidict XVI, chuig Ambasadóirí na dTiortha leis an Móramh Moslamach iontu, agus Ionadaithe na gComhlúadar Moslamach san Iodáil, 25 Meán Fómhair 2006.



Lá Fhéile Naomh Bríd

Teagascóir an Chreidimh



LE DÉANAMH:

Roinn an rang ina mbeirteanna. Glacann gach aon bheirt ceann de theidil Naomh Bríd chucu féin agus míníonn siad cén fáth gur tugadh an t-ainm sin uirthi. Cuir bhur gcuid taighde uile le chéile mar chlár scéalta a léireoidh an tábhacht a bhaineann leis na teidil éagsúla.

Féasta na bhFéastaí!

Comhábhar

2 1/2 cupán gallchnónna
nó cnónna piostáise

4 1/2 cupán siúcra

1 punt ime

1 pacáiste, nó 16 unsa
taosrán reoite filo,
díreuite de réir na
dtreoracha

2 cupán uisce

1/2 tsp sú líomóide
cainéal má bhíonn
gallchnónna in úsáid

Milseáin Ioslamacha le béilí Ramadan: Baklawa

Tá aithne mhaith ar na milseáin seo i measc phobail an chreidimh Ioslamaigh ach go háirithe i rith féile Ramadan. Bíonn na sólaistí seo blasta agus líonfaidís duine tar éis dó bheith ar thréimhse throscaidh.

Modh Oibre:

Ullmhaigh an tSioróip i dTosach Báire

Cuir an 4 chupán siúcra agus an sú líomóide leis an uisce agus beirigh i sásan meánmhéide. Lig don leacht bheith ag beiriú ar feadh 10 nóiméad. Bain den teas láithreach ansin. Lig dó fuarú.

Taosrán agus Líonadh

Cuir an 1/2 chupán siúcra atá fágtha, leis na cnónna i mbabhla. Cuir cainéal leo má bhíonn gallchnónna in úsáid agat. Déan an t-oigheann a réamh-téamh go 300 Fahrenheit (160 chéim Celsius). Bealaigh mias 9x12 ag an mbun le him. Oscail amach an taosrán agus gearr suas é i leatháin a chlúdódh an mhias. Cuir dhá leathán taosráin anuas ar an mias. Bain úsáid as scuab thaosráin chun im a leathadh air, agus lean ar aghaidh mar seo go dtí go mbíonn leath den taosrán úsáidte agat. Leath cupán iomlán den mheascán cnónna anuas ar an leathán taosráin sin. Cuir dhá leathán taosráin anuas. Bain úsáid as scuab thaosráin chun im a leathadh air, agus leag cuid eile de na cnónna anuas air. Lean ar aghaidh mar seo go dtí go mbíonn na cnónna ar fad úsáidte agat. Nuair a bhíonn an leathán deireanach den taosrán filo leagtha anuas agat, bí cinnte faoi im a scuabadh anuas air. Gearr i gcearnóga 3 orlach. Ansin gearr trasna ar gach cearnóg chun triantáin a dhéanamh. Déan é a bhácáil san oigheann ar feadh uair a chloig agus ceathrú, nó go mbíonn dath órga air. Bain den oigheann agus doirt anuas an tsioróip ar bharr an baklawa, le go rachadh sí go domhain isteach ann agus é a sháithiú.

Anois bain taitneamh as an bhféasta Ioslamach seo!

Comhábhar

4 ubh

2 chupán siúcra

1 cupán ola plandúil

3/4 cupán púdar cócó
(*parve)

1 cupán stáirse prátaí (nó
almóinn mheilte)
gráinnín salainn

Uachtar Reoite Banana (roghnach)

3 ghealacán ubh

3 bhanana aibí

2/3 chupán siúcra

1 tsp sú líomóide

1 tsp úsc fanaile

Anlann Seacláide (roghnach)

1 gabhdán
uachtar coipthe
neamhdhéiríochta
200 gram *parve
seacláid dhortha

Milseáin Ghiúdacha ag am Béilí, ar an Shabbat ach go háirithe:

Donnóga

Is breá le cách na donnóga seo, agus an pobal Giúdach ina measc, toisc nach bhfuil giosta ar bith san oideas, agus gur féidir bheith cinnte faoi go héasca gur comhábhar *parve** atá ann.

Modh Oibre:

Déan an t-oigheann a réamhthéamh go 350 chéim Fahrenheit (180 chéim Celsius). Bealaigh mias bhácála. Cuir na huibheacha buailte lena chéile leis an siúcra, an ola, an cócó, an salann agus an stáirse prátaí i mbabhla agus buail suas. Doirt amach i stán bácála. Déan é a bhácáil ar feadh 30–35 nóiméad nó go dtagann scian a sháfá ann amach agus é glan. Nuair a fhuaireann na donnóga, gearr i gcearnóga iad. Is féidir iad a reo go maith.

Uachtar Reoite Banana

Buail suas na gealacáin go maith i mbabhla. I mbabhla éagsúil measc na bananai bhuile, an siúcra, fanaile agus sú líomóide. Cuir an meascán seo isteach leis na bánta ubh. Cuir i ngabhdán plaisteach agus reoigh.

Anlann Seacláide

Cuir an tseacláid agus an t-uachtar coipthe neamhdhéiríochta i sásan agus leaigh ar theocht íseal, agus corraigh.

Anois bain taitneamh as an bhféasta Giúdach seo!

**Ciallaíonn Parve 'kosher'; sé sin nach ndearnadh teagmháil le hábhair dhéiríochta nó feola.*

**Comhábhar**

1 cupán plúr
1 tsp púdar bácála
1/4 tsp salann
4 ubh
3/4 cupán siúcra
1 tsp úsc almóinne
1/4 cupán bainne cnó cócó

Reoán Cnó Cócó

2 spbh agus 1 tsp sú anainn
1 spbh agus 2 tsp gránphlúr
1 cupán bainne cnó cócó
1/2 cupán siúcra

Cáca Búdaíoch ag Am Béilí: Císte Spúinse Galaithe

De ghnáth bíonn easpa feola sa chothú Búdaíoch, veigeáin nó veigeatóirí a bhíonn iontu toisc go gcreideann siad go láidir nach ceart dochar a dhéanamh do neach beo ar bith. Is féidir go leor toradh agus cnónna a chur leis an gcíste spúinse galaithe seo.

Modh Oibre:**Cáca**

Déan bun stán cácaí a líneáil le páipéar párach. Ullmhaigh wok leis an ngalú a dhéanamh. Cuir an plúr i mbabhla meánmhéide. Déan an púdar bácála agus an salann a chriathrú isteach sa phlúr, agus leag i leataobh. I mbabhla éagsúil cuir an siúcra leis na huibheacha agus buail le chéile le go mbeidh an meascán cúrach go maith (3 nóiméad). Corraigh agus cuir an t-úsc almóinne isteach. Lean leis an gcorraíl agus cuir an meascán plúir isteach leis na huibheacha de réir a chéile. Lean leis an gcorraíl agus cuir isteach an bainne cnó cócó. Corraigh ach ná buail an iomarca é go dtí go mbíonn fuidreamh mín lánmheasctha agat. Iompaigh an fuidreamh isteach sa stán, ba cheart go dtiocfadh sé 2/3 go 3/4 suas ag an taobh. Clúdaigh agus déan é a ghalú ar feadh 30 nóiméad, nó go dtagann scian a sháfá ann amach agus é glan. Lig dó fuarú agus bain den stán é, á iompú bunoscionn. Gearr an cáca i bhfoirm cearnóga, nó i bhfoirm dhiamaint.

Reoán Cnó Cócó

I mbabhla beag, measc an sú anainn agus an gránphlúr agus cuir i leataobh. I sáspan meánmhéide téigh an bainne cnó cócó agus an siúcra le go mbeireoidh sé, agus corraigh anois is arís. Corraigh an meascán sú anainn/gránphlúr go tapa agus cuir isteach sa sáspan, á chorrail. Déan é a chócaráil ar feadh cúpla nóiméad ar theas meánach go dtí go n-éiríonn an meascán tiubh go leor. Lean ar aghaidh ar feadh nóiméad eile, ansin bain den teas é agus cuir anuas ar an gcáca mar reoán é. Déan an cáca a fhuarú go dtí go gcruann an reoán. Cuir an reoán breise i ngabhdán séalaithe sa chuiseoir, agus leanfaidh sé ar feadh cúpla lá. Is féidir an reoán breise seo a úsáid le haghaidh cáca eile, nó leis féin mar mhilseog dheas shimplí milis do dhuine nó beirt.

Anois bain taitneamh as an bhféasta Budaíoch seo!**Comhábhar**

175g/6 unsa ime nó margairín
175g/6 unsa siúcra bog donn
3 ubh saor-raoin buailte
175g/6 unsa plúr bán gráinnín salann
1/2 tsp spíosraí meilte measctha (roghnach)
350g/12 unsa meascán rísíní, cuiríní agus sabhdánaigh
55g/2 unsa craicne criostalaithe mionghearrtha
1/2 líomóid, forchraiceann grátáilte amháin
1-2 spbh subh aibreoige
1 ubh saor-raoin, buailte, mar ghloiniú
leafaos almóinní ceannaithe ón siopa

Cáca Traidisiúnta Críostaí Simnel le hÍthe ar Dhomhnach Cásca

Níor ullmhaíodh na cácaí Simnel i dtosach báire um Cháisc, ach ar Lá na Máthar, mar shólaistí do lár an Charghais. Ar bhealach éigin cuireadh an nós seo siar go dtí féile na Cásca féin, agus anois is cuid traidisiúnta d'fhéasta na Cásca tar éis troscaidh an Charghais é.

Modh Oibre:

Déan an t-oigheann a réamhthéamh go dtí 140C/275F. Déan stán cácaí 18cm/7 n-orkach a bhealú agus a líneáil. Chun an cáca féin a dhéanamh, measc an t-im agus an siúcra le chéile le go mbeidh siad meathbhán agus cúrach. Buail na huibheacha isteach de réir a chéile le go rachaidh siad go smior sa mheascán, criathraigh isteach an plúr, an salann agus na spíosraí beagán ar bheagán, más ann dóibh.

Ag an deireadh cuir isteach an toradh measctha triomaithe agus forchraiceann grátáilte na líomóide agus measc go maith. Cuir leath den mheascán isteach sa stán bealaithe líneáilte cácaí 18cm/7 n-orkach. Déan mín an barr agus clúdaigh é le leafaos almóinní. Cuir an chuid eile den mheascán isteach sa stán ansin, agus log beag i lár a dhéanamh agat le go n-ardóidh an cáca. Déan é a bhácáil san oigheann ar feadh 1 3/4 uair a' chloig nó go dtagann scian a sháfá ann amach agus é glan. Agus é bácáilte, bain den oigheann é agus cuir i leataobh le go bhfuair sé ar raca sreinge. Scuab subh aibreoige anuas ar bharr an cháca fuaraithe. Roinn an leafaos almóinní atá fágtha ina dhá chuid.

Déan leath amháin a rolladh amach i gciortal a chlúdódh barr an cháca. Déan 11 liathróid bheaga leis an dara chuid. Leag an ciortal leafaos anuas ar an ngloiniú suibhe, agus scaip na liathróidí thart faoin imeall. Déan an barr a scuabadh le beagán d'ubh buailte. Déan an gríoscair a réamhthéamh agus ansin cuir an cáca ar chlár bácála agus déan é a ghríoscair ar feadh 1-2 nóiméad, nó go mbíonn barr an cháca deas donn. D'fhéadfá séidthóirse le teas íseal a úsáid leis an obair seo a dhéanamh chomh maith.

Anois bain taitneamh as an bhféasta Críostaí seo!



Bliain an Chreidimh

Cad is Bliain an Chreidimh ann? D'ainmnigh an Pápa Beinidict XVI bliain ar leith le go ndéanfadh Caitlicigh ar fud an domhain athfhionnadh ar an mbronntanas luachmhar creidimh a ndéanann an Eaglais cúram de, an bronntanas pearsanta céanna a roinn Dia ár nAthair, agus an Mac agus an Spiorad Naomh linne, le go roinnimis ar a chéile é.

Cathain a tharlóidh Bliain an Chreidimh? Cuireadh tús le Bliain an Chreidimh ar an 11 Deireadh Fómhair 2012 agus leanfaidh sí go dtí an 24 Samhain 2013.

Cén Suntas a Bhaineann le Dátaí Bhliain an Chreidimh? Theastaigh ón bPápa Beinidict XVI tús a chur le Bliain an Chreidimh ar an 11 Deireadh Fómhair 2012 toisc go ndéantar ceiliúradh ar dhá ócáid thábhachtacha i saol na hEaglaise ar an lá sin; comóradh 50 bliain ar oscailt an Dara Chomhairle Vatacánach (11 Deireadh Fómhair 1962 – 8 Nollaig 1965), agus comóradh 20 bliain ar fhoilsiú Leabhar Teagasc Creidimh na hEaglaise Caitlicigh le hEoin Pól Beannaithe.

Cén fáth a bhfuil oscailt an Dara Chomhairle Vatacánach á chomóradh le hoscailt Bhliain an Chreidimh?

Míníonn an Pápa Beinidict dúinn gur tharla an Dara Chomhairle Vatacánach leathchéad bliain ó shin, ach gurb é go fóill an grásta is mó a bronnadh ar an Eaglais san fhichiú chéad, agus gur compás dúinne lenár dtreorú é sa chéad nuathosaithe. Creideann an Pápa Rónaofa go diongbháilte gur féidir leis an Dara Chomhairle Vatacánach bheith mar fhórsa rí-thábhachtach in athnuachan na hEaglaise má bhaintear ciall cheart as, agus é a chur i bhfeidhm de réir nósanna na hEaglaise a théann siar go haimsir na nAspal. (Porta Fidei, 5). Is dá bharr san a mbaineann tábhacht nach beag maidir le machnamh a dhéanamh ar théacsanna luachmhara Vatacáin II agus fionnachtain úr a dhéanamh orthu i rith Bhliain an Chreidimh.

Cén fáth a bhfuil seoladh Teagasc Críostaí na hEaglaise Caitlicigh á chomóradh le hoscailt Bhliain an Chreidimh?

Is cur amach córasach ar an gCreideamh Caitliceach é an leabhar Teagasc Creidimh na hEaglaise Caitlicigh, leabhar a chuireann ar chumas phobal an chreidimh aithne a chur ar raon iomlán an chreidimh. Tá saibhreas iomlán an teagaisc a bhronnadh ar an Eaglais, a chumhdaigh sí agus a chuir sí chun cinn le dhá mhíle bliain le sonrú sa leabhar Teagasc Creidimh seo. Rinne an Pápa Beinidict XVI cur síos ar an leabhar Teagasc Creidimh mar áis luachmhar riachtanach, mar cheann de na torthaí ba luachmhara a tháinig ón Dara Chomhairle Vatacánach. (Porta Fidei, 11). Sin an fáth go bhfuil sé mar chuid thábhachtach de Bhliain an Chreidimh go ndéanfaidh gach aon Chaitliceach sáriarracht le fionnachtain úr agus staidéar a dhéanamh ar inneachar an chreidimh sin a fhaigheann sintéis orgánach sistéimeach sa leabhar Teagasc Creidimh na hEaglaise Caitlicigh.

Cén dóchas atá ag an bPápa Beinidict inár leith i rith Bhliain an Chreidimh? Ba mhaith leis an Athair Rónaofa go ndéanfaimis aistear an chreidimh athuair ionas go dtiocfaidh solas agus tuiscint úr orainn maidir leis an lúcháir agus an díograis athnuaithe a tharlaíonn nuair a dhéanaimid teagmháil le Críost. Ba mhaith leis go dtiocfaimis ar fhonn úr le sinn féin a chothú ar Bhriathar Dé, an briathar a chuir an Eaglais ar aghaidh chugainn, agus ar arán na beatha a bhronn sé ar a lucht leanúna chun iad a chothú (féach Eoin 6:51).

Ba mhaith leis an bPápa go léimis doiciméid Vatacáin II ar bhealach ceart, cabhair a thabhairt le go mbeadh aithne go forleathan orthu, agus iad a ghlacadh inár gcroí mar théacsanna tábhachtacha normatacha an Magisterium.

Chun doimhneacht a chur le léiriú seo an chreidimh, caithfidimid cloí go láidir agus go coinsiasach leis an soiscéal, ach go háirithe ag an am seo ina mbíonn athruithe go forleathan á gcur i bhfeidhm ar an saol.

Caithfidimid fianaise a thabhairt ar Íosa Aiséirithe san ardeaglais agus i séipéil an domhain, sa bhaile i measc ár muintir féin ionas go mbeidh gá ag daoine eolas a lorg agus an creideamh síoraí á thabhairt ar aghaidh do dhaonra an todhchaí.

Dar leis an bPápa, ba cheart go spreagfaidh Bliain an Chreidimh suim i lucht an chreidimh fianaise a thabhairt air go hiomlán agus go láidir le tiomantas athnuaithe, le dóchas agus le muinín.

Ba mhaith leis go ndéanfaimis ceiliúradh dian ar an gcreideamh sa liotúirge, agus san Eocairist ach go háirithe, toisc gurb í sin an buaicphointe a bhíonn á lorg in imeachtaí na hEaglaise, agus an fhoinsé as a dtagann gach cumhacht chuici.

An obair atá romhainn i rith na bliana seo ná aithne a chur as an nua ar an gcreideamh a chraobhscaoilimid, a cheiliúraimid, a mhairimid, a ghuímid, ar a ndéanaimid machnamh, agus é a thabhairt isteach inár gcroí arís.

Suíomh Bhliain an Chreidimh: www.annusfidei.va/



Seirbhís Urnaí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha

‘An Dea-Scéala á Roinnt’

Maidir leis an tSeirbhís Urnaí, moltar go mbeadh cúig stad socraithe sa seomra ina mbeidh sibh ag urnaí, ach mura mbíonn, ní chuirfear as don tseirbhís.

Ceol Tosaigh – Iomann Chun Dóchais (Seasaimis)

Léitheoir 1: Rinne mé urnaí, agus bronnadh tuiscint orm, d’impigh mé agus tháinig an spiorad anuas orm.

Suigh

Léitheoir 2: *A Thiarna, lig dom feidhmiú de réir do dhlí.*

Pobal: *A Thiarna, lig dom feidhmiú de réir do dhlí.*

Léitheoir 2: Conas a d’fhanfadh an duine óg gan mháchail? Cloí lena fhocal.

Pobal: *A Thiarna, lig dom feidhmiú de réir do dhlí.*

Léitheoir 3: Lorgaím tú ó mo chroí istigh, ná lig dom dul ar seachrán ó do bhriathar.

Pobal: *A Thiarna, lig dom feidhmiú de réir do dhlí.*

Léitheoir 4: I mo chroí istigh, déanaim cúram de do ghealltanas, ionas nach ndéanfaidh mé peaca i d’aghaidh.

Pobal: *A Thiarna, lig dom feidhmiú de réir do dhlí.*

Léitheoir 5: Is beannaithe thú a Thiarna, múin do dhlí dom.

Pobal: *A Thiarna, lig dom feidhmiú de réir do dhlí.*

Léitheoir 6: Le mo bhéal féin rinne mé athrá ar an mbreithiúnas a leag tú anuas.

Pobal: *A Thiarna, lig dom feidhmiú de réir do dhlí.*

Léitheoir 7: Is ó do bhriathar a thagann mo lúcháir, lúcháir atá níos fearr ná saibhreas ar bith.

Pobal: *A Thiarna, lig dom feidhmiú de réir do dhlí.*

Leanann cách ar aghaidh go stad a dó agus iad ag canadh.

Ceol: ‘Iomann Chun Dóchais’

Seasann Cách

Cinnire: Guímis:

A Dhia, chruthaigh tú duine as an ngnáth i Naomh Tomás Acain, duine díograiseach naofa a rinne staidéar ar leith ar an teagasc Críostaí. Guímid go mbronnfaidh tú orainn tuiscint bheith againn ar an méid a mhúin sé dúinn, agus an grásta le go bhféadfaimis aithris a dhéanamh ar a shaoithiúlacht.

Léitheoir 8: Tagann an eagna ó bhéal an duine cóir, agus labhraíonn a bhéal an ceart.

Pobal: *Tagann an eagna ó bhéal an duine cóir, agus labhraíonn a bhéal an ceart.*

Léitheoir 8: Cuir bhuir muinín i nDia, cónaigh in aon láthair leis agus bí slán.

Pobal: *Tagann an eagna ó bhéal an duine cóir, agus labhraíonn a bhéal an ceart.*

Léitheoir 9: Más é Dia do lúcháir, bronnfaidh sé mian do chroí ort.

Pobal: *Tagann an eagna ó bhéal an duine cóir, agus labhraíonn a bhéal an ceart.*

Léitheoir 10: Bíodh do mhuinín i nDia agat, agus gníomhóidh sé dá réir, lonróidh d’ionracas mar an ghrian agus ceart do chás go lonrach soiléir.

Pobal: *Tagann an eagna ó bhéal an duine cóir, agus labhraíonn a bhéal an ceart.*

Léitheoir 11: Tagann an eagna ó bhéal an duine cóir, agus labhraíonn a bhéal an ceart. Bíonn dlí an Tiarna ina chroí agus ní baol dó riamh.

Pobal: *Tagann an eagna ó bhéal an duine cóir, agus labhraíonn a bhéal an ceart.*

Cinnire: Guímis:

A Dhia Uilechumhachtach, a ghlaigh ar Naomh Aodán gach a fhágáil ina dhiaidh ar mhaithe le teacht ar Chríost, cuir i gcroí gach duine a dhéanann ceiliúradh ar a shaol, mian chun an dea-scéala a scaipeadh agus cuid a bheith acu leis an ngrásta a thagann uaidh.

Leanann cách ar aghaidh go stad a trí agus iad ag canadh.

Ceol: ‘Iomann Chun Dóchais’

Suigh

Léitheoir 12: Beannaigh an Tiarna, a anam liom.

Pobal: *Beannaigh an Tiarna, a anam liom.*

Léitheoir 12: Beannaigh an Tiarna, a anam liom, ó mo chroí istigh beannaím a ainm naofa. Beannaigh an Tiarna, a anam liom, ná déanadh mé dearmad riamh ar a chineáltas.

Pobal: *Beannaigh an Tiarna, a anam liom.*

Léitheoir 13: Faoi mar a dhéanann athair cúram caoin dá chlann, is mar sin a dhéanann an Tiarna cúram de lucht a eagla, tuigeann sé go maith sinn, nach bhfuil ionainn ach cré.

Pobal: *Beannaigh an Tiarna, a anam liom.*

Léitheoir 14: An grá dílis a léiríonn an Tiarna i dtaobh lucht a eagla, is grá síoraí é, gealltanais do chlann a gclann iad a shlánú, a fhad is a leanann siad a dhlíthe, agus a chomhlíonann siad a chonradh go coinsiasach.

Pobal: *Beannaigh an Tiarna, a anam liom.*

Cinnire: Guímis:

A Dhia, a thug stádas don Athair Eoin Bosco mar mhúinteoir agus mar chaomhnóir na n-óg, guímid go lasfaidh tú ár gcroí leis an ngrá céanna, le go mbeimid ar lorg anamacha agus muid ag freastal i gcónaí ortsa amháin.

Leanann cách ar aghaidh go stad a ceathair agus iad ag canadh.

Ceol: ‘Iomann Chun Dóchais’

Suigh

Léitheoir 15: Agus mé ar mo ghlúine os comhair an Athar a thugann ainm ar gach aon teaghlach spioradálta nó teaghlach nádúrtha, is é seo mo ghuí, go mbronnfaidh sé a chumhacht trína ghlóir shíoraí is a Spiorad naofa, go bhfásfaidh ár spiorad féin go láidir ionas go gcónóidh Críost go dóchasach inár gcroí. Má bhímid bunaithe agus fréamhaithe sa ghrá, beidh ar ár gcumas, in éineacht leis na naoimh, a leithead agus a dhoimhneacht, airde agus fad a thuiscint, agus trí ghrá dothuigthe Chríost, líonfar sinn le hiomláine Dé. Glóir duitse a Thiarna, bíonn do ghrá ag feidhmiú ionainn ar bhealach i bhfad níos fearr ná mar a lorgáimid, ná mar a thuigimid. Glóir do Dhia ó ghlúin go glúin, san Eaglais agus in Íosa Críost trí shaol na saol. Áiméan.

Cinnire: Guímis:

A Dhia trócaireach, chuir tú glao ar Naomh Bríd, Nua-Aithne an ghrá a léiriú do chách tríd an saol flaithiúil a chaith sí, agus an cúram a rinne sí de dhaoine i ngátar; bronn orainne, trí idirghuí Bhríde, spiorad fial, ionas go mbeidh croí glan ionainn agus go mbeidh ar ár gcumas do ghrá a chur in iúl do chách. Déanaimis machnamh anois ar feadh nóiméad ar na rudaí sin a bhíonn mar ábhar buartha dúinn. Lig dúinn na cúrsaí seo a ofráil duitse a Dhia, trí idirghuí na Naoimh Éireannach agus i gciúnas ár gcroí. (Sos)

Mar sin, Guímis lena chéile ...

Seasann an Pobal

Pobal: *Canaimis moltaí ár sinsear ó ghlúin go glúin, toisc gur léirigh an Tiarna a ghlóir dóibh, agus a thiarnas ón am in anallód.*

Leanann cách ar aghaidh go stad a cúig agus iad ag canadh.

Ceol: ‘Iomann Chun Dóchais’



Machnamh don Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí

Is féidir machnamh gearr do bhaill fhoirne agus do bhaill den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí a bhunú ar an méid atá thíos, i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013.

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 ná **Na Scoileanna Caitliceacha sa Phobal Creidimh: An Dea-Scéala á Roinnt**. Is é comhthéacs an cheiliúrtha seo ná Bliain an Chreidimh, cheiliúradh atá a dhéanamh ag an Eaglais uilíoch, le cuireadh ón bPápa Beinidict XVI. Ba mhaith leis go ndéanfaí athfhionnadh ar an gcreideamh atá againn in Íosa Críost, agus doimhneacht a chur leis, ionas gur áis luachmhar a bheidh ann le feabhas a chur ar an saol. Labhair an Pápa ag an Aifreann tosaigh de Bhliain an Chreidimh, nuair a bhí comóradh 50 bliain á dhéanamh ar oscailt an Dara Chomhairle Vatacánach, agus rinne sé tagairt don fhásach spioradálta ina maireann cuid de phobal na linne seo, agus chuir sé dúshlán mar seo os ár gcomhair;

Is san fhásach a dhéanaimid athfhionnadh ar na luachanna bunúsacha maireachtála a bheadh uainn; bíonn comharthaí gan teorainn i saol an lae inniu, is cuma intuigthe nó diúltach iad, den tsaint atá ionainn roimh Dhia, roimh bhrí bhunaidh an tsaoil. Bíonn gá le pobal an chreidimh san fhásach, pobal dóchasach a bheidh mar fhinnéithe ina saol féin ar bhealach na tíre tairngire. Tugann an creideamh beo deis dár gcroí grásta Dé a bhrath, an grásta a shaorann ón éadóchas sinn. Níos mó anois ná riamh, ciallaíonn an tsoiscéalaíocht go mbímid mar fhinnéithe ar shaol úr, athraithe go hiomlán chun feabhais, ullamh chun an bealach a léiriú do chách.

Bíonn ról lárnach ag an scoil Chaitliceach sa phobal creidimh lena mbaineann sí. Is sna scoileanna seo againne a bhíonn deiseanna uathacha againn an taithí maidir leis an mbealach ina dtéann an dea-scéala i bhfeidhm go deimhneach inár saol a bhrath, agus é a thabhairt do phobal na scoile, trí aire ar leith a thabhairt don éiteas, don bhliain liotúirge agus don chlár forbartha creidimh.

Mar fhoireann scoile nó mar bhord bainistíochta chabhródh sé le cách dá bhféadfaimis imeacht nó clár a reáchtáil i rith Bhliain an Chreidimh a thabharfadh deis dúinn díriú ar na bealaí ina ndéanann luachanna an dea-scéala, rudaí atá go smior i gcroílár tréithe agus spiorad na scoile, agus an ráiteas misin atá againn, saol agus obair na scoile a threorú. D'fheadfaí a leithéid a dhéanamh mar chlár féinmheastóireachta ina dtugaimid aitheantas do na bealaí ina mbímid ag feidhmiú i gceart, agus iad a cheiliúradh, agus ina ndéanaimid na rudaí nach bhfuil ag feidhmiú de réir na hidéil a chuir an Tiarna os ár gcomhair a cheartú agus a fheabhsú, agus muid faoi stiúradh Íosa Críost, an té a thugann treoir agus inspioráid dúinn ar an aistear sin.

Ba mhaith an rud é tosú le *Roinn an Dea-Scéala: Eolaire Náisiúnta na Caitlicéise in Éirinn*. (Veritas, 2010). Deir an t-eolaire go mbíonn seacht sprioc ann maidir le cur chun cinn an chreidimh sna scoileanna Caitliceacha (leathanaigh 204–10), agus tá liosta táscairí gnóthachtála ag gabháil le gach aon cheann acu. Bheadh ceann ar bith de na spriocanna san, oiriúnach mar ábhar machnaimh don Bhord i rith na bliana seo chugainn, agus chabhródh sé leo féachaint chuige go leanfadh ár scoileanna ag fás mar phobail chreidimh ina ndéantar an dea-scéala a roinnt go lúcháireach.

Paidir do Mhúinteoirí

A Thiarna Íosa, tháinig tú inár measc mar mhúinteoir, leis an dea-scéala a roinnt linn maidir le grá síoraí an Athar. Nuair a roinn tú linn le comhbhá is le heagna, thug tú radharc don dall, agus éisteacht don duine bodhar. Deonaigh go mbeimid mar mhúinteoirí in ann foghlaim ó do chomhbhá agus ó d'eagna, agus go ndéanfaimid na mic léinn atá faoinár gcúram againn a spreagadh chun na buanna atá acu a aithint agus a cheiliúradh, agus go dtabharfaimid gach cabhair dóibh an fhírinne a scaoilfidh saor iad a chloisteáil agus a leanúint. Deonaigh go mbeimid mar mhúinteoirí, i gcónaí ullamh chun foghlama ón fhreastal chaoi a rinne tusa orainn. Deonaigh go mbeimid mar fhoinse dhóchais agus dhíograise do na daoine óga a bhíonn faoinár gcúram againn. Bíodh an obair a bhíonn idir lámha againn faoi threoir agus faoi inspioráid an Spioraid Naoimh.

Áiméan

Paidir do Bhaill an Bhoird

A Dhia a Athair linn, tugann tú cuireadh dúinn ár mbuanna a roinnt agus muid ag saothrú ar son an oideachais Chaitlicigh. Iarrann tú orainn cabhrú le pobal na scoile seo an dea-scéala a cheiliúradh agus a roinnt. Le cabhair ón Spiorad Naomh, treoraigh an obair a dhéanaimid ar son na scoile ionas go gcuirfidh an teagasc agus an múineadh a tharlaíonn anseo, ar chumas na mac léinn, na tuismitheoirí, agus na múinteoirí cónaí go buíoch i do shaol; fianaise a dhéanamh ar chumhacht do ghrá; agus fianaise mhuiníneach a dhéanamh ar an lúcháir agus an dóchas Críostaí. Cuirimid ár nguí chugat trí Íosa Críost ár dTiarna.

Áiméan



Is iad baill an choiste stiúrtha ná:

Gary Abrahamian; Jim Cassin; Martin Delaney; Colette Dower; Michael Drumm;
Paul Farren; Fiona Gallagher; Seán Goan; Maura Hyland; Martin Long;
Tony McCann; Maeve Mahon; Bernie Martin; Michael Redmond; Maria Spring;
Eithne Woulfe.



YEAR OF FAITH ²⁰¹²/₂₀₁₃

Na Scoileanna Caitliceacha sa Phobal Creidimh: An Dea-Scéala á Roinnt

Acmhainní le haghaidh Phobal na hIar-bhunscoile: An Scoil agus an Paróiste

27 Eanáir – 2 Feabhra 2013